

Drámaíocht

Ros na Rún

8.30pm Máirt agus Déardaoin ó 1/09/15

Ollchlár Dé Domhnaigh 10.30pm

Tá sé fiche bliain ag fás anois agus é fós ar an sobaldráma is daonna agus is dúchasaí ar an teilifís in Éirinn, an t-aon sobal Éireannach a bhfuil rian na tuaithe air. Tá an meon tíriúil sin agus an greann i gcoilár an dráma agus é nádúrtha dá réir, tréith a thuigeann a phobal féachana sa bhaile agus i gcéin. Ó thús TG4 bhí (agus tá sé fós) ar cheann d'ancairí an chlársceidil agus is ag méadú in aghaidh an tséasúir atá an tóir atá air.

Bíonn fáil ann ar gach gné den saol comhaimseartha - ceisteanna caidrimh, grá, gnó, teannas teaghlaigh, magadh agus spochadh na gcomharsan agus mór-fhadhbanna pearsanta agus pobail le feiceáil ann. Má tá cúpla naomh ar an mbaile beag seo, tá neart rógairí ann freisin. Is maírg don té nach mbeadh ar a aire agus iad ina thimpeall.

Ag deireadh an tséasúir seo caite, bhí sé ina amhras an dtiocfadh an scéiméir Tadhg Ó Direáin slán ón dol marfach ina raibh sé sáinnithe agus na lasrach ar gach taobh de. Is í éide na sochraide a fheicfear ar a mhuintir ag tús na sraithe seo – ach cá bhfios cén tsochraid í? De thoradh na tubaiste a tharlaíonn, tá beirt ar an mbaile ag éirí an-mhór le chéile, Jason agus Katy, an bhean atá ag obair dó sa mbialann.

Le súil is go gcuirfidh siad an dallamullóg ar Nuala, socraíonn Caitriona agus Vince ligean orthu go bhfuil athmhuintearas áirithe eatarthu ach is cosúil nach cur i gcéill ar fad atá ann. Tá an cairdeas idir Caitriona agus Berni i mbaol mar go bhfuil Caitriona tar éis cuntas lom a thabhairt i scríbhinn ar an gcaidreamh a bhí idir Berni agus Cathal. Ní go maith atá Adam ag caitheamh lena chairde ina chuid mangaireacht drugaí agus is léir sin nuair a chuireann drugaí truailithe a dhíolann sé le roinnt déagóirí ag dioscó a sláinte i mbaol agus a fhágann Niamh i dtrioblóid lena hathair, Eric, iar-phóilín.

Tá Labhrás chomh ceannasach is a bhí riamh agus Frances faoi bhrú aige agus í ag iarraidh an t-lonad Pobail a bhainistiú – ach is bean í a bhfuil taithí mhaith aici ar fhir den tsórt seo. Beidh seift aice le déileáil le Labhrás gan amhras.

Spréachann Berni nuair a shocraíonn Peadar agus Máire cuireadh a thabhairt do Laoise bogadh isteach sa teach leo. Is í seo iníon Pheadair a bhí ina rún ar feadh i bhfad. Níl aon mhaolú ach oiread ar mhianta Pheigí teacht idir a mac agus Eimear.

Léirítear an tsraith le tacaíocht atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481.

Léiriú le Tyrone Productions & Eo Teilifís. Julie Ann Relihan

julieann@darcymarketingandpr.ie 091 568390 nó 087 4116446

An Klondike

Dé Máirt 9.30pm ó 8/9/15

Mór-shraith nua drámaíochta Gaeilge, ceithre chlár chumhachtacha ina ríomhtar scéal triúr dearthár as Conamara agus iad i ngleic le saol achrannach na mianadóireachta óir in Alasca in iarthuaisceart Mheiriceá Thuaidh, céad fiche bliain ó shin. Is i Montana sna Stáit Aontaithe, sna mianaigh airgid ansin, a thosaíonn eachtraí na gConghaileach. Nuair a thagann scéala faoin saibhreas atá le déanamh ón ór-thóraíocht sa Klondike, ní fada go bhfuil siad ar an mbóthar ó thuaidh ar nós na mílte eile. Tá saibhreas le déanamh thuas ag daoine áirithe a bhfuil an t-ádh leo ach is iomaí cor crua sa saol a ghabhann leis mar gur pobal gan smacht atá rompu i mbaile Dominion Creek, baile a tógadh thar oíche agus atá faoi cheannas Jacob Hopkins.

Nuair a mharaíonn Séamus Connolly mac an fhir seo i gcomhrac aonair, tugann Jacob móid go n-agróidh sé díoltas. Tagann na deartháireacha ar ór sa bpaiste talún atá acu féin ach ní fada gur in aighneas le chéile atá siad faoi. Tugann duine acu, Tom, droim láimhe dá dheartháireacha agus tagann Jacob Hopkins i dtír chun a leasa féin ar an easaontas seo. Doirtear fuil agus ní gach duine a thagann slán.

Tá cliar iontach aisteoirí tugtha le chéile sa dráma seo, ina measc Owen McDonnell, Dara Devaney, Sean T Ó Meallaigh, Robert O'Mahony, Ian Toner agus Steve Wall.

Mór-thogra scannánaíochta ab ea é seo a rinneadh ar an láthair i gConamara. Chuige sin, tógadh baile Dominion Creek le hais mianach Ghleann Gabhla in aice le hUachtar Ard.

Is é an duais-bhuaiteoir **Dathaí Keane** a chruthaigh agus a stiúraigh agus is é Marcus Fleming a scríobh an tsraith seo. B'é Colm Hogan an Stiúrthóir Grianghráfadóireachta, Triona Lillis a dhear na cultacha agus b'é Steve Lynch a chum agus a chóirigh an ceol.

Bhain an togra seo leas as an scéim tacaíochta atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse agus fuair maoiniú ó Bhord Scannán na hÉireann agus ó scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Abú Media: Pierce Boyce 091505100 pierce@abumedia.ie

Hatfield's & McCoys **10.40pm Aoine ó 4/9/15**

Sraith aitheanta as Meiriceá í seo a léiríodh ar ard-chostas le cliar aitheanta aisteoirí. Tá an scéal bunaithe ar an bhfírinne. Ríomhtar ann an t-aighneas idir dhá theaghlach a thit amach le chéile i gceantar na gCarolina tamall gairid tar éis an Chogaidh Cathardha ansin, céad go leith bliain ó shin.

Filleann “Devil” Anse Hatfield (Kevin Costner) agus Randall McCoy (Bill Paxton) abhaile tar éis dóibh seasamh le chéile san arm céanna sa gCogadh. Ní fada ansin iad go dtagann eatarthu tar éis dúnmharaithe a lean as caidreamh rúnda grá agus tranglam aighneas eile a spreagann mion-chogadh idir an dá theaghlach, comharsana agus cairde.

Orthu sin atá páirteach, tá **Kevin Costner** (*Dances With Wolves*), **Tom Berenger** (*Inception*), **Bill Paxton** (*Tombstone*), **Matt Barr** (*The House Bunny*) agus **Lindsay Pulsipher** (*The Oregonian*).

Fir Bolg

(Le craoladh Eanáir 2016)

Sraithdhráma nua grinn Gaeilge, thar a bheith dúchasach, sé chlár ina bhfeictear go soiléir nach naoimh iad lucht an cheoil agus gur iomaí scéal ceilte a thagann chun solais nuair a thagann grúpa le chéile tar éis blianta fada scartha. De réir an scéil seo, b'iad na *Fir Bolg* ceannródaithe an cheoil thraidisiúnta i dtús na hathbheochana, deich mbliana fichead o shin. Thuilleadar cáil agus clú, thaistéal siad an tír agus an domhan mór agus b'iomaí eachtra a bhain dóibh sa ré ghlórmhar sin.

Ach d'imigh sin agus tháinig seo. Thit an grúpa as a chéile ar chúiseanna éagsúla. Cé gur minic a casadh na baill ar a chéile san eadarlinn, níor chasadar aon cheol le chéile. Anois agus iad ar shochraid, ritheann an smaoineamh le duine acu go bhfuil airgead le déanamh ach an grúpa a thabhairt le chéile arís, uair amháin eile agus ceolchoirm chlabhsúir a eagrú.

Dea-smaoineamh, b'fhéidir, ach is gearr go bhfuil cúpla casadh sa scéal agus éileamh ar bhreis coirmeacha. Anois a thosaíonn scaoileadh na rúin agus na seanfhaltanas (agus cúpla ceann nua freisin). Níl an bunaitheoir ar fáil le athmhuintearas a dhéanamh, agus ní fada go bhfuil an clampar chomh glórach leis an gceol. Dúisítear sean-ábhar aighnis agus tagann an grá ina dthing idir na baill.

Tá cliar iontach aisteoirí tugtha le chéile don tsraith seo, ina measc **Seán McGinley, Don Wycherley, Aonghus McAnally, Peadar Cox, Máirtín Jaimsie** agus **Caroline Morahan**. Anuas air sin, thoiligh roinnt pearsain aitheanta a bheith páirteach ina gcáilíocht féin – rud a chuireann go mór leis an spraoi – ina measc **Patrick Bergin, Liam Cunningham, Stephen Rea, Amy Huberman, Paddy Moloney, Ryan Tubridy, Brendan Grace** agus **Conal Gallen**.

Tá ceol den scoth ann agus 12 amhrán nua leis na *Fir Bolg* a chum agus a chóirigh **Fiachna Ó Braonáin**, ceoltóir agus craoltóir aitheanta, a bhí ina stiúrthóir ceoil ar an togra. **Tom Sullivan** a stiúraigh agus is é **Brian Reddin** a scríobh agus a chomhléirigh le **John Brady**.

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháinna hÉireann.

Léiriú le Dearg Films Brian Reddin, deargfilms@eircom.net 087-2744802

Éirí Amach Amú (Le craoladh i 2016)

Sraithdhráma nua Gaeilge, 3 pháirt, a chaitheann *súil eile* an ghrinn ar imeachtaí Sheachtain na Cásca 1916 agus an cheist á cur - ‘Céard a tharlódh dá rachadh triúr fear ó 2016 siar go 1916 agus an deis acu cor cinniúnach a chur i stair na hÉireann?’

Sin mar a tharlaíonn sa dráma éadrom seo. Is beag iontas a bhaineann le saol triúr cairde i mBaile Átha Cliath ach tarlaíonn go bhfuil dúspéis acu ar aon in Éirí Amach na Cásca agus iad de shíor ag caint faoi agus á athchruthú in éide na linne, fiú. Tarlaíonn cor osréalach ina saol nuair a thugann bosca draíochta siar isteach sa stair iad agus seo anois le cois na Life iad Seachtain na Cásca 1916.

Ní túisce ann iad ná an Piarsach casta leo, é brúite isteach san abhainn acu de thimpiste agus nuair a thugann siad a choirp amach, céard atá ann ach an Forógra. Tuigeann siad láithreach go bhfuil rogha chinniúnach rompu a imreoidh tionchar buan ar an Éirí Amach agus ar an stair a lean as – agus go bhfuil a mbealach féin ar ais go 2016 le socrú ina dhiaidh sin !

Is é **James Phelan**, a scríobh an tsraith aitheanta *Rásaí na Gaillimhe*, a chruthaigh an script tar éis tréimhse shuntasach fhorbartha ar an togra. Is é **Ruán Magan** an stiúrthóir agus is é **Stephen Rook** an léiritheoir.

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim agus Fís Údarás Craolacháin* na hÉireann agus ón tacaíocht atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481.

Léiriú le Tile Films: Stephen Rooke stephen@tilefilms.ie 01-6114646

Eipic (Le craoladh in Earrach 2016)

Sraith-dhráma nua Gaeilge, 6 pháirt, atá suite go cinnte i saol an lae inniu agus a bhfuil macalla glórach na staire le brath ar a chomhthéacs. Seo scéal réabhlóide cheoil, iarracht ag cúigear oirfideach éirí amach dá gcuid féin a bhunú i 2016 – trí sheilbh a ghlacadh ar oifig an phoist tuaithe atá dúnta.

Is laochra ceannródúla iad dar lena gcairde – ach is amadáin gan chiall iad i súile eile. Dá mbeadh Éirí Amach na Cásca á eagrú anois, cá bhfios nach mar seo a thosódh sé?

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim agus Fís Údarás Craolacháin* na hÉireann agus ón tacaíocht a sholáthraíonn Alt 481.

Léiriú le Magamedia Paddy Hayes magamedia@gmail.com 087-2896718

Drámaíocht Eorpach

***Cordon* 10.30pm Déardaoin ó 24/9/15**

Sraithdhráma 10 n-eagrán ón mBeilg, scéinséir lán de theannas. Fógraítear gan choinne go bhfuil víoras marfach sa timpeall i lár chathair Antwerp. Dúntar an ceantar ar fad agus níl cead isteach ann ná amach as. De réir a chéile a thuigtear do na daoine atá sáinnithe nach bhfuil aon fhuascailt luath i ndán dóibh. Briseann an dúchas trí shúile na ndaoine – agus ní faoi scáth a chéile a mhaireann gach duine.

Arne Dahl

Sraith nua, an dara séasúr 10 gclár, den dráma cáiliúil póilíní as an tSualainn. Tá rabharta dúnmharaithe tarlaithe ar bhanaltraí Polainneacha ar chúis éigin. Is mór-ábhar imní seo do lucht ceannais. Cé gur scoradh Aonad A na mbleachtairí dhá bhliain ó shin, socraítear an t-Aonad a thabhairt le chéile arís.

***The Bridge* (Earrach 2016)**

An tríú séasúr i gceann de na sraith-dhrámaí coiriúlachta is fearr ar fad ón rabharta iontach atá tagtha ó chríoch Lochlainn le deich mbliana anuas. Scéinséir dorcha é seo, 10 gclár. Cuirtear tús leis na dúnmharaithe brúidiúla sa tsraith seo le bás Helle Anker, ceannródaí ar pholasaí comhionannais. Ní fada go bhfuil an scéal imithe chun donachta.

Léiriú le Filmlance International agus Nimbus Film.

Scannáin

Scannán na Seachtaine 9.30pm Dé Luain

Is iondúil gurb í an oíche Luain an oíche is suaimhní den tseachtain agus tá rogha tharraingteach scannán aitheanta á soláthar ag TG4, saor go haer, a choinneoidh comhlúadar leat, a mheallfaidh d'aird agus a spreagfaidh d'intinn freisin.

Ar na teidil a chraolfar an séasúr seo, tá: ***Fight Club, Heaven & Earth, Natural Born Killers, Once Upon a Time in America, The Power of One, Pushing Tin, South Central, We Own the Night, Ninth Gate*** agus ***You can Count on Me***.

An Western oíche Aoine

An réimse scannán is ansa le go leor de lucht féachana TG4 agus ar na teidil aitheanta a chraolfar an séasúr seo, beidh: ***Pale Rider, Gunfight at Commanche Creek, The Left-Handed Gun, Ride Vaquero, The Train Robbers, Yellowstone Kelly, The Cowboys, Rio Bravo, Cahill, U.S Marshall, Chisum, They Died with Their Boots, Vengeance Valley, Wyoming Kid, Catlow*** agus ***Charro***.

Movie an tSathairn

Ar na teidil an séasúr seo, beidh ***Carnage, Midnight in Paris, Seeking Friend for the End of the World, Disclosure, Betrayal, The Truth About Cats & Dogs, Eden Lake, Road Trip, Heavenly Creatures, Unfaithful, That Night, Elizabeth the Golden Age, The Fountain***, agus ***Guilty by Suspicion***.

Nuacht/ Cúrsaí Reatha/Comhrá

Nuacht TG4 (7pm gach lá)

Eimear Ní Chonaola agus an fhoireann fhuinniúil **Nuacht TG4** a thugann *súil eile* na nuachta chugainn seacht lá na seachtaine: scéalta sainsiúla Gaeltachta agus Gaeilge, scéalta áitiúla agus réigiúnacha chomh maith leis an nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta: sin atá ag croí **Nuacht TG4**.

Maraon le **Nuacht TG4** an lae, bíonn togha na seachtaine in **Timpeall na Tíre** gach deireadh seachtaine.

Beidh eagráin speisialta **Féilte** ag plé leis na cluichí ceannais peile agus iomána, le hOireachtas na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus beidh **Féilte** ag díriú ar na Gaeil thar sáile faoi Nollaig.

Beidh Nuacht TG4 ag teacht beo ó **Oireachtas na Gaeilge 2015** faoi Shamhain in Óstán Citywest ar imeall thiar Bhaile Átha Cliath agus beo freisin ó lár an aonaigh ag an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i gCo Laoise mí Mheán Fómhair.

Nuacht TG4: ag croí an scéil, ina cuid den lá

Aimsir TG4

Is maith an scéalaí an Aimsir! Tá idir stair agus fháistine ar fáil ó sheirbhís aimsire TG4, eolas agus graificí atá soiléir snasta mar aon le láithreoirí a bhfuil fios a gceirde acu. Tá an t-eolas ar fad acu. Níl aimsir is fearr ná aimsir TG4.

Seo ord agus ábhar na gcraolta aimsire ar TG4 gach lá

Am Ióin	-	Náisiúnta agus cósta
6.58pm	-	Tuar d'iascairí
7.25pm	-	Náisiúnta agus cósta
9.00pm	-	Náisiúnta agus cósta
Meánoíche	-	Idirnáisiúnta agus Taisteal

Tig leat an fhaisnéis is deireanaí aimsire a fháil uainn ar twitter @AimsirTG4 agus tá feiceáil ar feadh an lae ar an tuar, ar na beo-phictiúir ó cheamaraí Aimsire TG4 i mBaile na hAbhann, Dún Chaoin, An Rinn agus Gaoth Dobhair, mar aon le roghliosta de théarmaí aimsire Gaeilge sna mór-chanúintí ar fad ar fáil ar www.tg4.ie/aimsir

7 Lá

7.30pm gach Máirt ó 22/9/15

Tá Olltoghchán chugainn agus an uile pháirtí agus grúpa polaitiúil ag feistiú dó ar a mhine géire, tá an caidreamh polaitiúil thar a bheith corrach idir na páirtithe Rialtais i bhfeidhmeannach Thuaisceart Éireann freisin. Cé go bhfuil borradh le brath san eacnamaíocht ar dhá thaobh na teorann, ní gach éinne atá sásta go bhfuil míniú sásúil faighte fós ar na cúiseanna a bhain leis an gcúlú agus leis an ngéarchéim bhaincéireachta. Níl maolú ach oiread ar go leor ceisteanna eile sóisialta agus cultúrtha atá ag déanamh tinnis do dhaoine áirithe anseo sa mbaile agus i gcéin.

Fágann sin agus go leor eile go mbeidh neart le plé ag **Páidí Ó Lionáird** agus a phainéal tráchtairí sa mbeo-chlár seachtainiúil cúrsaí reatha seo. Coinníonn siad seo méar go seachtainiúil ar chuisle na polaitíochta, sa mbaile agus i gcéin. Craolfar eagráin speisialta den chlár ó sheisiúin Pharlaimint na hEorpa sa mBruiséil agus i Strasbourg freisin.

Comhrá**7.30pm Déardaoin ó 3/09/15**

Formáid thar a bheith simplí í seo ina ndéantar dreas stuama comhrá le duine agus cead aige/aici scéal a bheatha féin a insint go ciúin deas réidh de réir mar a oireann dó/di. Leagann an tsraith seo méar ar chuisle na hÉireann. Tá bua ar leith ag **Máirtín Tom Sheáinín**, cuireann sé a chuid aíonna ar a gcompord agus faigheann siad deis scéal a mbeatha a insint ar a mbealach féin.

Tá Máirtín sa chúlráid chun an cuntas a stiúradh go ciúin stuama. Is iad muintir na hÉireann ábhar an chláir seo. Cé go bhfuil próifíl phoiblí agus aithne mhaith ar fud na tíre ar chuid de na haíonna an séasúr seo, is ar ghnéithe eile dá saol a bheidh siad ag trácht.

Ar na daoine a bheidh i gcuideachta Mháirtín an séasúr seo, beidh iar-pholaiteoir a thuill níos mó poiblíochta tar éis dó éirí as ná lena linn mar Aire Rialtais, aisteoir mná as Ros Muc ag cur síos ar a seal ar an stáitse i mBroadway Nua Eabhrac, iar-iriseoir a rianaigh athruithe ó bhun ar shaol na Gaillimhe agus na Gaeltachta lena linn, fear as Gaeltacht Mhaigh Eo a bhí ina Rúnaí Príobháideach ag Uachtaráin na hÉireann agus é ina údar aitheanta Gaeilge ag an am céanna agus cuimhní cinn ó chraoltóir raidió a bhí i láthair ag mór-ócáidí spóirt na tíre seo agus thar sáile le deich mbliana fichead anuas.

Pat Carey 03/09/15

Iar Aire Rialtais le Fianna Fáil. Labhraíonn sé ar a óige ar fheirm bheag i gCaisleán na Maighne i gCo. Chiarraí, tráchtann sé ar a shaol polaitíochta agus a shaol pearsanta agus ar an bpoiblíocht a gineadh anuraidh nuair a d'fhógair sé gur fear aerach é.

Bernie Ní Fhlatharta 10/09/15

Iar iriseoir leis an gCuradh Connachtach a d'éirigh as anuraidh tar éis 35 bliain seirbhíse. Labhraíonn sí ar a saol agus a saothar agus ar na scéalta móra a chlúdaigh sí ar nós scéal an Easpaig Éamonn Casey agus scéalta go leor faoi dhéanamh poitín i gConamara.

Seosamh Ó Cualáin 17/09/15

Iar Sháirsint sa Gharda Síochána atá anois tofa ina Chomhairleoir Contae (Neamhspleách). Labhraíonn sé ar a óige i nGaeltacht Chois Fharraige agus an tsuim a bhí aige sa bhfeirmeoireacht, a shaol mar Gharda i nGaeltacht na Gaillimhe (Árainn, Carna, An Clochán, An Cheathrú Rua agus in Uachtar Ard). Bhí dlúthbhaint aige le Cumann peile na bPiarsach i Ros Muc.

Eilín Ní Bheaglaoich 24/09/15

Iar-mhúinteoir scoile agus amhránaí den scoth. Tráchtann sí ar a teaghlach cáiliúil ceolmhar as Baile na bPoc i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus ar a hoideachas i scoil chónaithe, ar a pósadh sa Róimh agus a chuid oibre mar mhúinteoir san Astráil.

Mícheál Ó hOdhraín 1/10/15

Iar-státsheirbhíseach sinsearach as Partraí i nGaeltacht Mhaigh Eo, Rúnaí ag Uachtaráin na hÉireann, ina measc an Dr Pádraig Ó hIorghile. Tráchtann sé ar a

mheánoideachas i gColáiste Iarlaithe Naofa i dTuaim, a sheal mar léachtóir Ollscoile, a thréimhse mar chigire scoile agus ar a shaothar liteartha. Is údar aitheanta Gaeilge é a bhfuil cúig leabhar leis foilsithe.

Nuala Ní Loingsigh 8/10/15

Iar-mhúinteoir scoile as Baile Bhuirne i nGaeltacht Mhúscraí. Cuireann sí síos ar a hóige, ar a saol mar mhúinteoir in Éirinn agus i gCeanada agus an bochtannas a chonaic sí agus í ag taisteal go Sierra Leone san Afraic.

Dónal Ó Gallchóir 15/10/15

Iar-Gharda as an bhFál Carrach i nGaeltacht Dhún na nGall ó dhúchas ach atá ina chónaí i gCaisleán an Bharraigh i Maigh Eo le blianta fada anois. Tráchtfaidh sé ar a shaol oibre mar Gharda, ar a thréimhse ar dualgas cois teorann le linn na dTrioblóidí agus ar a sheal fada, bliain is fiche, sa gCór Tráichta. B'fhada freisin a sheirbhís do Chumann Ionadaíoch an Gharda Síochána. Fear mór peile é freisin agus é ina chrann taca ag Cumann Peile Bhréachmhaigh ina chontae altrama le fada an lá.

Máire Ní Chéileachair 22/10/15

Múinteoir scoile agus amhránaí aitheanta sean nóis as Corcaigh. Tráchtfaidh sí ar a saol múinteoireachta, ar a cuid taistil, ar a grá don sean-nós agus a buaic san ealaíon cheolmhar sin – a bua i gCorn na mBan ag Oireachtas na Gaeilge.

Máirtín Ó Mainnín 5/11/15

Maor pobail as an tSraith Salach i gConamara. Tráchtann sé ar a óige agus ar a chuid oibre mar fhear an phoist agus ar a chuid cúraimí anois mar mhaor pobail le Comhairle Contae na Gaillimhe.

An tAthair Fiontán Ó Monacháin 12/11/15

Sagart atá faoi láthair ina Rúnaí ag Ardeaspag Thuama. Is ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht na Gaillimhe a tógadh é. D'fhreastail sé ar Choláiste Iarlaithe Naofa i dTuaim agus ar chliarscoil Mhá Nuad. Tar éis a oirnithe chaith sé tamall mar shagart cúnta ar an Tulach, in aice an bhaile agus ag múineadh i gColáiste Iarlaithe sular ceapadh ina Rúnaí ag an Ardeaspag é.

Nuala Holloway 19/11/15

As An Móta i gCo na hIarmhí ó dhúchas di, spéirbhean a bhí ina mainicín lena linn agus a bhuaigh an chraobh áilleachta Miss Ireland. Is aisteoir agus ealaíontóir í freisin. Labhraíonn sí faoina saol ag taisteal an domhain mar mhainicín, a saol aisteoireachta le Dermot Morgan, a cuid ealaíne agus ar phictiúr a tharraing sí atá crochta sa Teach Bán i Washington ag an Uachtarán Barack Obama.

Mártan Ó Ciardha 26/11/15

Is as Cois Fharraige i nGaeltacht na Gaillimhe dó. Chaith sé formhór a shaoil oibre mar iriseoir spóirt le RTÉ Raidió na Gaeltachta, cuid mhaith de i gceannas na rannóige spóirt ansin. Tá sé anois ina cholúnaí spóirt leis an nuachtán www.tuairisc.ie Uncail leis ab ea Hugo Carey as Carna a bhuaigh Craobh na

hÉireann le Gaillimh i 1934. Ar na cuimhní is mó atá aige, tá troid an dornálaí Seán Ó Mainnín as Ros Muc do Chraobh an Domhain i 1984 agus bua na Gaillimhe i gCraobh Iomána na hÉireann i 1980.

Máirín de Brún 3/12/15

As Mainís i gCarna don bhean seo, iar bhanaltra i Londain agus iar bhainisteoir mhonarcha éisc i gCill Chiaráin in aice an bhaile. Tráchtfaidh sí ar a hóige i gCarna, áit a raibh sí sa gcéad rang a rinne an Ardteist i scoil an Chlochair i gCarna. Chuaigh sí ar imirce go Londain ina dhiaidh sin go bhfuair oiliúint mar bhanaltra. Nuair a d'fhill sí abhaile tamall ina dhiaidh sin, fuair sí post mar bhainisteoir ar mhonarcha éisc.

Déaglán Ó hÁinle 10/12/15

Is as Fionnghlas i dtuaisceart na príomh-chathrach don fhear seo, a chuaigh le múinteoireacht mar ghairm agus atá ina phríomhoide i Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna ansin. Tráchtfaidh sé ar a shaol, ar a chéim síceolaíochta, ar a shuim i spóirt agus ar an dúshlán a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta i gceann de na ceantair is boichte sa bpríomhchathair.

Mairéad Mhic Dhonncha 10/12/15

Is as Baile Reo i nGaeltacht Chorca Dhuibhne ó dhúchas di ach tá sí ina cónaí i nGaeltacht Rath Cairn na Mí le fada anois. Amhránaí binn sean-nóis í Mairéad. Cuirfidh sí síos ar a hóige i gCiarraí agus ar an athrú mór ina saol nuair a phós sí Pádraic Mac Donncha as Ráth Chairn agus gur shocraigh siad síos ansin. Chuaigh sí i gcleachtadh ar chanúint Chonamara de réir a chéile. Tá suim ar leith aici sa sean-nós.

Liam Ó Neill 7/1/16

Is as an Tromaire i gCo Laois dó, múinteoir scoile agus iarUachtarán Chumann Lúthchleas Gael. Cuirfidh sé síos ar a óige. Múinteoirí ab ea a mhuintir roimhe, an ghairm a roghnaigh sé féin freisin. Gan é ach ina ógánach chinn sé go mbeadh sé ina Uachtarán CLG lá éigin. D'éirigh leis tar éis blianta fada printíseachta mar imreoir, mar riarthóir ag leibhéal club, contae, cúige agus náisiúnta.

Mairéad Ní Nuadháin 14/1/16

Is as Bealach an Doirín i Ros Comáin di, craoltóir le RTÉ ar feadh na mblianta agus feidhmeannach sinsearach san eagras sin anois. Tráchtfaidh sí ar a hóige agus a laethanta saoire Samhraidh chuile bhliain sa Spidéal. Is i nGaillimh a fuair sí a cuid Ollscolaíochta agus í gníomhach i gcompántais aisteoireachta ansin agus i mbunú Amharclann an Druid freisin. Chaith sí tamall leis an nuachtán Gaeltachta *Amárach* sula ndeachaigh sí le craoltóireacht.

Bearnard Ó Cróinín 21/1/16

Ciarraíoch a chaith a shaol oibre mar bhainisteoir Uachtarlainne. Is ar fheirm a tógadh é agus bhí an-suim aige sa talmhaíocht i gcónaí. Bhain sé amach céim ollscoile sa déiríocht agus chaith a shaol oibre sa tionscal sin, earnáil ina bhfuil go leor athruithe tarlaithe lena linn.

Johnny Mhicilín Ó Clochartaigh 28/1/16

Is as Leitir Caladh i gCeantar na nOileán i nGaeltachta Chonamara dó. Tá *Amhrán Mhaínse* luaithe lena mhuintir. Agus é ina fhear óg d'fhágadh sé an baile ag spailpínteacht ar Achréidh na Gaillimhe. Obair shéasúrach fheirme ab ea í seo ag cur agus ag baint fhataí, ag cur choirce, ag tarraingt biatais agus ag glanadh maingealanna. Chaith sé seal ar imirce i Sasana agus i Meiriceá freisin.

Bríd Ní Neachtain 4/2/16

Aisteoir aitheanta amharclainne, teilifíse agus scannán as Ros Muc i nGaeltacht na Gaillimhe ó dhúchas. Ghnóthaigh sí scoláireacht a thug deis ar mheánscolaíocht di as ar thug sí aghaidh ar Scoil Aisteoireachta Amharclann Na Mainistreach i mBaile Átha Cliath. Chuir sí aithne ansin ar scoth na n-aisteoirí agus fuair obair teilifíse freisin ar na sraitheanna *Ros na Rún* agus *Fair City* agus obair scannáin chomh maith. Thug a páirt sa dráma *Dancing at Lughnasa* go Broadway i Nua Eabhrac í ar feadh sé mhí. Thuill sí moladh ar leith as a ról mar Chaitríona Pháidín sna leaganacha stáitse agus scannán de *Chré na Cille*.

Pat Lavelle 11/2/16

Is as Acaill i nGaeltacht Mhaigh Eo dó, iar-Bhainisteoir ar Bhaisleach Chnoc Mhuire, atá anois i bhfeighil Mhainistir na Coille Móire i dTuaisceart Chonamara, ceann de na hionaid turasóireachta i cáiliúla sa réigiún. Tráchtfaidh sé ar a óige in Oileán Acla agus a thréimhse oibre agus oiliúna mar innealtóir i Sasana. Chaith sé cúig bliana fichead ina bhainisteoir ar Bhaisleach Chnoc Mhuire, mór-ionad oilithreachta na hÉireann, áit ar thug an Mháthair Treasa cuairt uirthi lena linn.

Sarah Ghriallais 18/2/16

Amhránaí sean nóis as Muicineach idir Dhá Sháile i nGaeltacht na Gaillimhe, duine den teaghlach iomráiteach sean-nóis a bhfuil Corn Uí Riada buaite ocht n-uaire ag dhá ghlúin de. Tráchtfaidh sí ar a hóige agus í ag foghlaim na n-amhrán óna muintir, a seal ar imirce i Sasana agus i Meiriceá agus an tionchar a d'imir an amhránaíocht sean-nóis ar a saol.

Pádraig Ó Dochartaigh 25/2/16

Fear gnó, múinteoir, bádóir agus polaiteoir as Gaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall. Labhróidh sé faoina mhuintir agus faoi na báid iascaigh a bhíodh acu ina óige. Is i nGaeltacht Mhúscraí, i gColáiste Íosagaín a fuair sé a chuid meánoideachais. Ina dhiaidh sin chuaigh sé go Coláiste Oiliúna Phádraig i mBaile Átha Cliath le cáiliú mar bhun-mhúinteoir. Ina shaol polaitíochta, chaith sé tamall fada ar Bhord Údarás na Gaeltachta agus ar Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Siobhán Uí Fhathaigh 3/3/16

Is as Baile an Fheirtéaraigh i gCorca Dhuibhne í. Phós sí Garda as Baile an Dúlaigh ar imeall na Gaillimhe ach fágadh ina baintreach óg í nuair a bhásaigh seisean, caoga bliain ó shin. Bhí beirt chlainne orthu, duine acu sin Máire, a phós an réalta peile Páidí Ó Sé. Bean mhór taistil í Siobhán a théann ar oilithreacht go minic go Lourdes agus go Cnoc Mhuire.

Máirtín Nee 10/3/16

Iar-dhornálaí, óstóir agus tiománaí tacsáí as Ros Muc i nGaeltacht na Gaillimhe. Léirigh sé cumas mar dhornálaí ina óige, faoi oiliúint ag an saineolaí áitiúil Mike Flaherty. Chuaigh sé ar imirce go Londain agus é an-óg agus fuair obair sna tolláin agus thosaigh mar dhornálaí gairmiúil. Bhí an teach tábhairne *The Plough* ar an Harrow Road faoina chúram ar feadh seal agus an-cháil air. Ar fhilleadh abhaile dó, bhí tithe ósta aige i gcathair na Gaillimhe agus Uachtar Ard ar feadh seal.

Síle de Cléir 24/3/16

Is as Cathair Luimnigh di, léachtóir in Ollscoil na cathrach sin. Bhí suim riamh aici in éadaigh agus i gcúrsaí faisin agus nuair a d'fhreastail sí ar an ollscoil, músclaíodh suim ar leith in éadach traidisiúnta mhuintir Árann agus Chorca Dhuibhne. Saineolaí ar an Léann Dúchais agus ar an mbéaloideas í.

Ciarán Mac Niocláis 31/3/16

Iar-Gharda as Maigh Eo atá lonnaithe i dTiobraid Árann le fada an lá anois. Oileadh ina Gharda é i gColáiste an Teampaill Mhóir. Mhúscaíl an tréimhse ansin a shuim san iomáint. Chaith sé seal mar Gharda ach bheartaigh dul le ceird eile ina dhiaidh sin agus chuaigh ag obair le Iarnród Éireann.

Colm Ó Mainnín 7/4/16

As Ros Muc i nGaeltacht na Gaillimhe, meicneoir gluaisteán, tiománaí bus agus gníomhaí pobail. Chuaigh sé go Sasana ina fhear óg agus fuair obair i ngaráiste. Ar fhilleadh abhaile dó, d'oscail sé a gharáiste féin i Ros Muc. Tháinig sé faoi thionchar an traenálaí dornálaíochta cáiliúil Mike Flaherty agus thacaigh go láidir leis an trodaire áitiúil Seán Ó Mainnín. Ghlac sé páirt ghníomhach sna feachtais le stáisiún raidió agus teilifíse Gaeltachta a bhunú agus sa bhfeachtas reatha le bail cheart a chur ar Theach an Phiarsaigh ina pharóiste dúchais féin.

Seán Mac Giollabhuí 14/4/16

Iar-mhúinteoir agus bainisteoir óstáin as Baile na Finne i nDún na nGall. Is i gColáiste Éinde i nGaillimh a fuair sé a chuid meánoideachais agus ina dhiaidh sin oiliúint mar bhunmhúinteoir i gColáiste Phádraig. Chaith sé tréimhsí ag múineadh i dtuaisceart na príomhchathrach. Scríobh sé roinnt téacsleabhair mhatamataice. Agus é ar scor anois ón mhúinteoireacht, tá sé gafa i dtionscal na turasóireachta mar bhainisteoir ar Ostán Loch Altan i nGort a' Choirce.

Bríde de Róiste 21/4/16

Múinteoir agus gníomhaí Gaeilge as Rinn na Spáinneach i gCo an Chláir atá lonnaithe i gCeatharlach le fada an lá. Is ar fheirm bheag a tógadh í ach léirigh sí suim sa nGaeilge óna hóige agus tá a saol oibre caite aici á múineadh agus á cur chun cinn i gCeatharlach, áit ar bhunaigh sí Meánscoil Ghaeilge agus inár oibrigh sí go dlúth ar go leor tograí eile atá luaite leis an teanga, ina measc an Fhéile Phan Cheilteach.

Máirtín Bairéad 28/4/15

Múinteoir as Dubhithir i gCarna i nGaeltacht na Gaillimhe ó dhúchas, cháiligh sé mar bhunmhúinteoir agus chaith tamall fada ag múineadh i mBaile Átha Cliath. Nuair a bhásaigh a bhean, bhog sé go Corcaigh agus chaith tréimhse ag fás agus ag díol glasraí ansin. D’fhill sé abhaile go Carna ó shin. Tá suim aige i seoltóireacht agus i mbádóireacht thraidisiúnta.

Bertie Ó hAinmhire 5/5/16

Is As Dún Gar i gCo Ros Comáin don státsheirbhíseach seo ach is i gCois Fharraigne atá sé ina chónaí le tamall maith anois. Is i gceantar tuaithe a tógadh é agus is i Sligeach a chuaigh sé ar an gcoláiste. Fuair sé post sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus bhí sé lonnaithe sa nGinéiv ar feadh tamaill sular mheall a ghrá don Ghaeilge ar ais go hÉirinn agus go Conamara é i 1994 ag obair le Roinn na Gaeltachta.

Kevin Coyne 12/5/16

Feirmeoir agus ceoltóir as Ceantar an Mháma i gCo na Gaillimhe. Tráchtfaidh sé ar a óige agus ar a shuim sa gceol. Nuair a chuaigh sé go Londain, casadh na mór-cheoltóirí traidisiúnta ansin dó – agus is ann a casadh a bhean chéile air freisin. Ar fhilleadh abhaile dóibh fuair sé obair mar fhear an phoist ina cheantar dúchais. Bhain droch-thimpiste dó tamall ó shin ach tháinig sé aisti.

An tOllamh Micheál Ó Cinnéide 19/5/16

Is as Cill Mhic an Domhnaigh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne don Ollamh Ollscoile seo a bhfuil a shaol oibre caite aige i nGaillimh den chuid is mó. Thug sé seal gearr ag obair ar láthair thógála i Londain lena uncail. In Ollscoil na hÉireann Gaillimh a bhain sé a chéim amach agus ina dhiaidh sin in Ollscoil Michigan i Meiriceá. D’fhill sé ar Ghaillimh agus ar an ollscoil ansin ar feadh a shaol oibre agus rinne obair chomhairleoireachta d’Údarás na Gaeltachta freisin.

Seán Ó Catháin 26/5/16

Is as Cill Mhic an Domhnaigh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne don iar-mhúinteoir scoile seo. Cuireann sé síos ar a óige agus a chairde ar scoil, ina measc an laoch peile Páidí Ó Sé. Is ar rothar a théadh sé ar meánscoil, ocht míle bóthair isteach agus amach go dtí An Daingean. An mhúinteoireacht a ghairm féin ina dhiaidh sin agus é ar ais ina scoil féin i gCill Mhic an Domhnaigh, é gníomhach i gcúrsaí peile agus forbairt phobail.

Logainm

8pm Dé Máirt ó 15/9/15

Sraith úrnua, 26 clár, ina dtugtar léargas agus léirmhíniú ar ainmneacha áite na hÉireann, staidéar a thugann chun solais go leor den saibhreas staire, tíreolaíochta, béaloideas agus seanchais atá ar fáil iontu. Is iomaí cúis a bhí ag ár sinsir agus iad ag bronnadh ainm ar áit, ar shliabh, ar loch ar chuan nó ar ghleann. Dreach na tíre féin a spreag cuid de na hainmneacha, naomh-phatrún áitiúil uaireanta eile nó pearsa as an bhFiannaíocht nó as an Rúraíocht.

Le cabhair saineolaithe sa stiúideo agus ó thuairiscí ó láithreacha ar fud na tíre, fiosróidh an duais-cheoltóir **Breandán Ó Beaglaioich** an taisce iontach logainmneacha atá sa teanga Ghaeilge. Nochtfar freisin an bealach inar thug teangacha na n-ionraitheoirí iasachta (Lochlainnais, Fraincís agus Béarla) faoina dteidil féin a thabhairt ar an gcuid sin den oileán a bhí faoina smacht.

Mar léiriú breise ar ghean ár muintire dá n-áit dúchais, maiseofar an plé le leaganacha nua-thaifeadta ag amhránaithe aitheanta d'amhráin a bhíonn mar rosc catha a chloistear go rialta ag cluichí agus ag cóisir. Orthu seo seo, tá *The Rose of Mooncoin* (Cill Chainnigh), *Spancil Hill* (An Clár), *The Offaly Rover* agus *The Boys of Barr na Sráide* (Ciarraí). Ar na hamhránaithe a bheidh á gcanadh seo beidh **Mundy, Charlie McGettigan, Aoife Scott, Andy Irvine** agus **Dónal Lunny**.

Léiriú le Nemeton Irial Mac Murchú irial@nemeton.ie 058-46208

Fíorscéal 10.30pm Dé Máirt ó 22/9/15

Séasúr nua den tsraith a thugann aghaidh ar mhórchéisteanna idirnáisiúnta trí shúile na léiritheoirí teilifíse is fearr, is misniúla agus is conspóidí ar domhan le athghuthú Gaeilge ar rogha clár faisnéise ón iasacht. Oscailt ar *shúil eile* is ea gach clár acu.

Ola san Artach 22/9/15

Anois agus na toibreacha ola ag triomú agus an leac oighir ag leá, tá cumhachtaí móra an domhain ag feistiú don dúshlán is deireanaí agus is luachmhaire ar fad, b'fhéidir – fionnachtain ola agus gáis san Aigéan Artach. Bhí an tráth ann agus bhí an aeráid ró-naimhdeach agus an teicneolaíocht ró-neamhfhorbartha nárbh fhéidir dul sa tóir ar na taiscí atá faoin fharrage seo – ach ní mar sin atá anois. Tá cainteanna agus margáil rúnda ar bun taobh thiar de dhoirse dúnta ag ollchomhlachtaí agus ag rialtais agus an chreach á roinnt, fiú agus gan í aimsithe fós.

Baile Beag ar Chiumhais na Cruinne 29/9/15

Deir an seanfhocal nach mbeidh aithne cheart agat ar phobal go dtí go mairfidh tú ina lár agus sin a rinne an scannánóir aitheanta Sarah Gavron sa mbaile beag is iargúlta sa domhan thuaidh, b'fhéidir.

Tá faoi bhun 60 duine i Niaqornot i dtuaisceart na Graonlainne agus déagóir amháin ina measc. Dá laghad an daonra, tá cuid acu nach labhraíonn le chéile. Is mór idir an saol dearóil anseo agus an saol sócúil atá ag go leor eile againn sa domhan forbartha. Seo mar a chonaic Sarah Gavron an saol atá acu.

Comhrac an GPS 6/10/15

Tá na córais suite domhanda (GPS) tar éis tionchar a imirt ar beagnach gach gné den saol, bíodh sin ag tiománaithe atá ar thóir treorach go ceann scríbe, bainisteoirí ar fhoirne spóirt atá ag iarraidh a fháil amach cé acu imreoir is faide a rith le linn cluiche nó ceannairí míleata nó sceimhlitheoirí atá ag iarraidh diúracán nó sliogán a dhíriú ar sprioc.

Scrúdaíonn an clár faisnéise seo gné amháin an-suntasach den teicneolaíocht seo – gur ar shatailítí atá faoi smacht agus faoi stiúir Stáit Aontaithe Mheiriceá atá na córais reatha ar fad ag brath. Dá socródh SAM gan cead rochtana a thabhairt chuig na satailítí seo, bheadh go leor againn i sáinn. Ní nach ionadh, tá an Eoraip, an tSín, An Rúis agus tíortha eile go leor ag iarraidh a gcórais féin a bhunú – ach b'fhéidir gur fearr le Meiriceá go mbeifí ag brath ar a mhonaplacht féin.

Is mise Kuba 13/10/15

Clár faisnéise a thugann léargas ón taobh istigh ar ghné thruacánta de shaol na h-imirce – na páistí a fhágtar sa mbaile ina dtír dúchais nuair a théann tuismitheoirí go tír eile ag saothrú slí mhaireachtála níos fearr. Meastar go bhfuil suas le 100,000 páiste sa Pholainn amháin atá fágtha sa mbaile mar seo, go sealadach nó go buan ag tuismitheoirí atá imithe go tír eile.

Seo scéal teaghlaigh amháin acu sin. Nuair a théann a thuismitheoirí, atá bancbhriste ina dtír féin, ag obair san Ostair, ceapann a mac, Kuba, (12 bliain d’aois) gur cúram gearr-thréimhseach atá leagtha air, fanacht sa bPolainn agus aire mhaith a thabhairt dá dheartháir Mikolaj’s (8). Ar dtús, tugann sé faoina dhualgas le fonn agus le gearn ach is gearr go bhfuil an cúram ag luí go trom air agus é á mhealladh ag an míle rud a bhíonn ar intinn déagóra.

***An Bhréag Mhilis* 20/10/15**

Clár faisnéise a nochtann an dallamullóg a chuireann comhlachtaí ar dhaoine maidir leis an mbealach is fearr le tanú. Léiríonn an clár go bhfuilimid ar fad faoi thionchar na bolscaireachta faoi tanú – agus aiste iontach nua bhia nó modh réabhlóideach úr aclaíochta á mholadh dúinn ag fógraí mealltacha agus pearsana aitheanta luaite iontu mar mholtóir. Is minic taighde nua luaite mar thaca agus mar dheimhniú ar na hearraí seo.

Tugann an clár seo le fios gur taighde bréige nó claonta go leor den “scoláireacht” seo agus gur féidir leis na comhlachtaí móra torthaí na taighde a cheannach de réir a mian.

***Longchlós Wadan* 27/10/15**

Scéal samplach scanrúil faoin toradh a bhíonn ar shaol cathrach atá ag brath an iomarca ar aon tionscal amháin. Cathair bheag le daonra 45,000 is ea Wismar 120km soir ó chalafort Hamburg sa nGearmáin. Bhíodh trian de theaghlaigh na cathrach ag brath ar long-chlós Wadan, an t-aon chomhlacht mór sa dúthaigh. Cheannaigh infheisteoir Rúiseach an gnó i mí Lúnasa 2008 agus measadh go mbeadh an fhostaíocht slán. Ach ní mar sin a tharla.

***Na Fathaigh faoi Ionsaí* 3/11/15**

Is ard agus is maorga é an crann leamháin, ceann de na crainnte is breátha ar fad. Ach tá an crann millteach seo i mbaol marfach ar fud an domhain agus é faoi ionsaí anois ag fungas a scaipeann ciaróg bheag bhídeach. Cé go bhfuil eolaithe ar a ndícheall ag iarraidh an scéal a leigheas, tá na mílte crann leamháin scriosta agus leagtha ag an ngalar seo nach bhfuil aon chosaint nádúrtha acu air, is cosúil.

***Drugaí: Cosc nó Ciall?* 10/11/15**

Clár faisnéise a fhiosraíonn an fiúntas (nó a mhalairt) atá déanta ag polasaithe Rialtais na hEorpa le dhá scór bliain tabhairt faoi fhadhb na ndrugaí trína gcosc (nó iarracht a dhéanamh iad a chosc).

Tá fianaise ann nach maitheas ach a mhalairt a dhéanann an seasamh seo agus gur mó an tairbhe (agus gur lú an costas) ó shaor-rochtain nó rochtain teoranta agus maoirseacht thuisceanach mar thaca leis. Bíonn an dá thuairim ann.

***An Marú sna Pluaiseanna* 17/11/15**

Cé nach é an t-ainmhí is ansa le daoine é, tá cineálacha áirithe ialtóige (sciathán leathair) i mbaol a scriosta ar fad i Meiriceá Thuaidh, tubaiste éiceolaíochta nach bhfuiltear cinnte faoina cúis. Bhásaigh suas le 6.5 milliún ialtóg i Stáit Aontaithe Mheiriceá le sé bliana agus tá saineolaithe fós ar thóir a dtrúig bháis agus an leigheas ar an scéal.

Ikaría 24/11/15

Deirtear go bhfuil mianach ar leith in oileánaigh agus iad ag tabhairt aghaidh ar chruatan an tsaoil. Seo scéal oileáin sa nGréig agus iad ag strachailt leis na polasaithe déine atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas (faoi threoir an Aontais Eorpaigh agus fiachóirí eile na tíre sin). Seo mar atá dochtúirí, múinteoirí agus seirbhísí eile an oileáin ag déileáil leis an ngéarchéim.

An Droichead Deireanach Inca

Is iomaí cineál droichid ann ach tá an ceann crochta seo, san iargúil i bPeiriú thar a bheith speisialta. Níl coincreíd, miotal, cloch ná adhmaid ann – níl ann ach craobhacha agus ábhar eile snáithíneach. Seo é Droichead Q'eswachaka.

Chuille bhliain tagann meitheal oibre – óg agus aosta – le chéile le bail a chur air agus a ndúchas a cheiliúradh.

Coralla Sevilla 15/12/15

Nuair is gá dul i mbun gnímh – is cuma faoi aois. Agus géarchéim tithíochta sa mullach orthu, bheartaigh buíon ban san ollchthair seo sa Spáinn seilbh a ghlacadh ar fhoirgneamh folamh, gan cead gan údarás, gan leictreachas, gan uisce reatha. Seo mar a d'éirigh lena bhfeachtas – a mhair beagnach dhá bhliain agus inar ghlac 36 teaghlach páirt.

Iolair na Coille 22/12/15

Scéal misniúil faoi fhoireann peile bundúchasach sa mBreasaíl – an chéad cheann gairmiúil riamh dá chineál, deirtear. Cláraíodh an fhoireann, Gaviao Kyikateje (Iolair na Coille) iad den chéad uair i lár na bliana 2011 agus tá ag éirí go maith leo ó shin – mar a léiríonn an clár seo.

Béaloides Beo

8.30pm Dé Céadaoin ó 01/10/14

An dara séasúr, 13 clár, ina nochtfar breis den saibhreas iontach ilghnéitheach béaloideas agus nósmaireachtaí eile atá folaithe i saol an lae inniu agus beo bláfar in Éirinn a bhíonn ag ligean uirthi féin go bhfuil na nithe “seanóracha” sin ar fad ligthe i ndearmad againn.

Is é an craoltóir aitheanta, **Seán Mac a’ tSíthigh** an láithreoir agus beidh saineolaithe, scoláirí, seanchaithe agus ceoltóirí ina fhochair sa stiúideo agus iad ag cíoradh agus ag ceistiú an tsaibhris atá faighte againn le hoidhreacht – idir scéalta, nósanna, orthaí, leigheasanna, beannachtaí, mallachtaí agus modhanna teagmhála leis an saol eile. Más suim leat an béaloideas, seo an tsraith duit. Muna bhfuil mórán eolais agat faoin taisce eolais agus comhairle atá ar fáil ann, foghlaimoidh tú go leor.

Ar na daoine a bheidh páirteach, beidh **An Dr Pádraig Ó Héalaí, Billy Mag Fhloinn, Caitlín Uí Sheighin, Stiofán Ó Cadhla, Eithne Ní Ghallchobhair, Ríonach Uí Ógáin, Angela Bourke, Gus Sweeny, Jimmy Chearra, Johnny Tony Ó Muircheartaigh, Patricia Lysaght agus Seán Ó Tuairisg**

Ar na ceoltóirí a bheidh ag seinm, beidh **Ciarán Ó Maonaigh, Caitlín Nic Gabhann & Maitiú Ó Casaide, Máire Ní Chéileachair, Eoghan Mac Giolla Bhríde** agus go leor eile.

Léiriú le Sibéal Teo. Niamh Ní Bhaoill niamh@sibealteo.com 0669152555

Saol chlár

Róisín 8pm Dé Luain ó 23/09/15

An tríú séasúr den chlár beo seachtainiúil comhrá agus eolais, á chur i láthair ag an ggraoltóir/iriseoir, **Róisín O'Hara**. Tá clann óg ar Róisín féin agus is maith a thuigeann sí na dúshláin agus na deacrachtaí atá ag tuismitheoirí na linne seo sa mbaile agus ag an láthair oibre.

Beidh idir agallaimh agus thuairiscí sa gclár seo agus díospóireachtaí bríomhara freisin nuair is gá agus nuair is oiriúnach.

Léiriú le TG4. Deirdre Ní Choistín 091-505050 deirdre.ni.choistin@tg4.ie

Fíorasach

Cogar 9.30pm Dé Domhnaigh ó 6 Meán Fómhair (athchraoladh 7.30pm Luan)

Scáth-theideal ar chláir aonaracha faisnéise, leathuair an chloig ar fhad. Is minic gur scéal pearsanta atá á insint agus tugtar an deis don duine a scéal a insint ar a luas agus ina bhealach féin. Tugann na cláir sa tsraith seo léargas go minic ar ghné de shaol na hÉireann atá ceilte nó ligthe i ndearmad.

Ag Bualadh Busk 6/9/15

Cé gur ceoltóir siúlach sráide é **Aindrias de Staic** agus gur sheinn sé ceol ar fud na hEorpa agus san Astráil, níor thug sé faoi na Sé Chontae i dTuaisceart Éireann go dtí anois.

Sa gclár faisnéise seo, thug sé camchuairt an Tuaiscirt féachaint an bhfuil aon difríochtaí suntasacha sa lucht féachana nó sa rogha ceoil ab áil leo. Bhí deis aige sin a fháil amach agus é ag seinm ar shráideanna Bhéal Feirste agus Dhoire agus ag féile mhór buscála i nDroichead na Banna i gCo an Dúin. Rinne sé comparáid idir stíl an tuaiscirt agus an chuid eile den tír i seisiúin a d'eagraigh sé i mBaile Átha Cliath agus i gcathair na Gaillimhe freisin.

Fuair an léiriú seo tacaíocht mhaoinithe ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Below the Radar. Máire Bhreathnach, 0044 28 90315522

Íobairt an Iascaire 13/9/15

Tugann an clár faisnéise seo léargas ón taobh istigh ar shaol an iascaire ar thráiléir agus muid ar bord an *Iúda Naofa* as Inis Mór, Árann, ar thuras 10 lá soir ó thuaidh go Banc Porcupine agus í ar thóir cloicheán i Samhradh na bliana 2013. (Beidh clár eile faisnéise ag *Cogar* faoi thuras cinniúnach an tráiléara chéanna bliain go leith ina dhiaidh sin).

Cúigear a bhí ar chriú an bháid don turas seo; an scipéir Máirtín Éanna as Inis Mór, triúr iascairí as Conamara agus fear eile as an Rómáin. Is fada an tréimhse 10 lá i gcomhlúadar ar shoitheach beag agus feictear sa gclár seo nach bhfuil de rogha ag an gcriú ach tarraingt le chéile agus oibriú go crua as lámha a chéile - ach bíonn spochadh agus spraoi ann freisin !

Léiriú le Micheál Ó Conghaile; arbutus@gmx.com 087-6458116

Taobh Thiar den Gheansaí**20/9/15**

Tá dualgas ar eagrais spóirt cúram a dhéanamh dá rannpháirtithe ach ní dualgas é atá furast a fheidmiú i saol casta an lae inniu. Baineadh croitheadh go smior as lucht leanta na gcluichí Gaelacha sa bhliain 2013 nuair a chuir triúir imreoirí aitheanta lámh ina mbás féin i dtubaistí éagsúla.

Dhúisigh an trí bhás seo bun-cheisteanna do phobal CLG agus don phobal áitiúil gan freagraí simplí ar fáil. Labhair daoine go poiblí faoin bhfadhb, an chéad uair b'fhéidir ar tharla seo i measc lucht peile agus iomána. Fiosraíonn an clár faisnéise seo le **Ainle Ó Cairealláin** an cheist chasta seo. Thug sé cuairt ar chlubanna in Aontroim, i dTír Eoghain agus i nGaillimh agus labhair le daoine ansin faoi bhás an triúir agus faoin ngéarchéim atá ag leathadh ar fud na tíre is cosúil agus an tost a bhaineann léi go minic.

Fuair an léiriú seo tacaíocht mhaoinithe ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Below The Radar TV Máire Bhreathnach, 0044 28 90315522
mbhreathnach@belowtheradar.tv

Fomhuireáin agus Fearaibh Uaisle **27/9/15**

Scéal iontach faoi eachtra uasal álainn i dtréimhse fhoréigineach. I dtús an Dara Cogaidh Domhanda, d'éirigh le Werner Lott, captaen formhuireáin U35 i gcabhlach na Gearmáine, torpedo a scaoileadh le last-long Ghréigeach, an *Diamantis* siar ó dheas de Chorn na Breataine agus í a chur go grinneall. Ach ghlac sé trua do chriú na loinge a bhí scriosta aige, 28 duine ar fad. Tháinig an Gearmánach i dtarrtháil orthu, thug leis iad ar bord an U35. Chuir sé i dtír iad i gCuan Fionntrá ar chósta theas Chorca Dhuibhne (i dtír neodrach).

Mar a tharla, roimh dheireadh an chogaidh, d'éirigh le loingeas ó chabhlach na Breataine, faoi cheannas an Tiarna Mountbatten, an U35 a chur go grinneall ach tháinig siadsan i dtarrtháil ar an gCaptaen Lott agus a a chriú agus thug slán iad féin.

Seachtó bliain tar éis na ngníomhartha daonnachtúla seo, a heagraíodh ócáid chomórtha i bhFionntrá le deis a thabhairt do ghaolta na ndaoine a tháinig slán iontu a mbuíochas a ghlacadh.

Léiriú le Ellen Brandon Productions, Brenda Ní Shúilleabháin
brendanish@gmail.com 087-2999616

Tithe na Tomatoes

4/10/15

Scéal faoi thogra ceannródúil Rialtais a d'fhéach le hioncam breise a sholáthar d'fheirmeoirí beaga Gaeltachta tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Sa mbliain 1947 bhunaigh an Rialtas scéim faoinar tugadh spreagadh d'fheirmeoirí i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Dhún na nGall, tithe gloine a thógáil agus trátaí a fhás iontu.

Tógadh 200 teach gloine Gaeltachta. Bhí córas bunúsach i gcuid de an tithe gloine le teas lárnach a fheidhmiú, sorn a dhóigh móin chun an t-uisce a théamh. Tugadh oiliúint do dhaoine i gcur agus i gcothú na bplandaí agus cinntíodh margadh don toradh nuair a bhí sí aibí.

D'éirigh go maith leis an scéim go dtí go ndearna Harricín Debbie i 1961 scrios ar go leor de na tithe gloine. Tá cuid acu (nó a gcuid fothracha) fós le feiceáil fós.

Léiriú le Abú Media: Eileen Seoighe 091505100 eileen@abumedia.ie

Jeremy agus Judi ar bhruach na Siúire

11/10/15

Scéal scannáin a léiríodh i ndeisceart Chill Chainnigh daichead bliain shin, a thuill conspóid ag am ach a ligeadh i ndearmad ar feadh i bhfad go dtí gur taispeánadh go háitiúil é den chéad uair ansin le gairid. Léiríodh an scannán *Langrishe, Go Down* i gceantar Shliabh Rua i gCill Chainnigh sa bhliain 1978. An BBC a mhaoinigh an togra le tacaíocht ó RTÉ. I measc na n-aisteoirí a ghlac páirt bhí beirt óga, **Jeremy Irons** agus **Judi Dench**, réaltaí domhanda scannán ina dhiaidh sin agus anois.

Mar a mhíníonn scéalaí an chláir faisnéise seo, **Catherine Foley**, bhí an scannán bunaithe ar úrscéal den teideal céanna a scríobh Aidan Higgins. B'é an drámadóir cáiliúil Sasanach Harold Pinter a scríobh an script. Nuair a cuireadh an scannán faoina bhráid, ní raibh an Cinsire Scannán sa tír seo sásta le radharc gearr amháin ina raibh bean nocht. Dá thoradh sin, níor heisíodh an scannán in Éirinn ar chor ar bith ag an am. Anuraidh, ag Éigse Sliabh Rua 2014, a chonacthas an scannán den chéad uair go poiblí sa tír seo.

Bhí Jeremy Irons i láthair ag an ócáid sin agus tá sé ar dhuine de na rannpháirtithe sa gclár faisnéise seo, mar aon le muintir na háite ar cuimhin leo an scannánaíocht agus an chonspóid a lean.

Léiriú le An Corsaiceach. RoseAnn Foley 086 6094563

roseannfoley@gmail.com

Leabhar Leighis Hy Brazil 18/10/15

Clár faisnéise a thugann léargas nuálach ar chúlra aduain lámhscríbhinne atá ar coimeád in Acadamh Ríoga na hÉireann. Mhoracha Ó Laidhe a thug an leabhar chun solais, cheithre chéad bliain ó shin agus é ag maíomh gur bronnadh air í le linn turais ar oileán draíochta Hy Brasil. Tugadh an leabhar dó, a dúirt sé, nuair a leigheas sé spéirbhean ansin.

Measadh ag an am – agus ó shin – gur áibhéil agus bréaga a bhí i gcuntas Mhoracha ar a chuid taistil. Ba lianna aitheanta ab ea a shinsir a bhí ag leigheas na n-uasal ar feadh na gcéadta bliain.

Ach faoi mar a léiríonn an clár seo, tá go leor faoi stair Chonamara le foghlaim óna chúlra- agus ceapann scoláirí anois gur ó na Críocha Arabacha a tháinig cuid mhaith den eolas leighis atá sa scríbhinn rúndiamhrach seo.

Léirithe ag DMCI Donncha Mac Con Iomaire donncha@macconiomaine.com
087-9545692

Jennie Hodgers, Saighdiúir Lincoln 25/10/15

Scéal ait aisteach faoi bhean Éireannach a chaith formhór a saoil i Meiriceá mar fhear, breis is céad go leith bliain ó shin. Rugadh Jennie Lá Nollag 1843 i gCeann Chlochair i gCo Lú agus thug sí aghaidh ar Stáit Aontaithe Mheiriceá in 1862 agus gan léamh ná scríobh aici. Ghearr sí a cuid gruaige agus is mar fhear a mhair sí as sin amach faoin ainm Albert Cashier.

Fuair Albert obair fheirme agus liostáil san Arm ag tús an Chogaidh Cathardha, san Illinois Infantry. Deir a chárta liostála gur fear beag rua ab ea Albert agus de réir na gcuntas rinne sé saighdiúir maith. Ghabh an namhaid é uair amháin ach d' éirigh leis éalú. Tar éis an Chogaidh in 1865, is i mbaile Saunemin, Illinois a lonnigh sé. Aon uair gur bhuail tinneas é, d' éirigh lena impí ar na dochtúirí gan a rún a scaoileadh.

Ach nuair a cuireadh i dteach altranais do shaighdiúirí é agus é amach sna blianta, tugadh a rún chun solais agus cuireadh i dteach na ngealt é dá thoradh, cuireadh iachall air éadach mná a chaitheamh dá ainneoin go dtí gur bhásaigh sé i 1915.

Léiriú le Snag Breac Films: Aengus Mac Eochagáin 087-7580593
snagbreacfilms@gmail.com

Cluas le Capall

1/11/2015

Ó bhí sí ina páiste i nGaeltacht na Mí, bhí bealach ar leith ag Jackie Ní Mhéalóid le capaill. Thug sraith leabhar Silver *Brumby* Elayne Mitchell inspioráid ar leith di agus ba mhinic í ag brionglóidí faoi bheith ar mhuintir na hAstráile. Léiríonn an clár faisnéise seo gur éirigh léi ina mian agus gurb shin go díreach atá ar bun aici anois. Tá sí ina cónaí agus ag obair le capaill in iargúil na hAstráile.

Ní gan a dhua féin atá an saol thall mar sin féin mar gur iomaí baol agus contúirt atá ina haice i nGroí Dhún Mánuis nach mbeadh roimpi i Ráth Chairn – teas marfach, nathracha nimhe, staileanna fiáine agus aeráid atá an-éagsúil ó Chontae na Mí.

Dá dhonacht an méid sin mar ghnás, ba dhoiligh d'éinne a bheith ullamh don uafás eisceachtúil sa dúthaigh a rinne scrios i mí Feabhra 2009 i loscadh forleathan mongaigh a scaip ar luas lasrach agus a rinne damáiste agus sléacht. Bhásaigh 170 duine agus deirtear go raibh neart ionann le 170 buama núicléach ag an tine seo.

Léiriú le Seanchas Productions seanchasprod@gmail.com 0872351985

Ón Mám go dtí na Major Leagues 8/11/2015

Is é an daorchluiche (baseball) spórt náisiúnta na Stát Aontaithe. Is cuid lárnach d'fhéiniúlacht na tíre sin é agus tá gach Poncánach thar a bheith bródúil as. Tugann an clár faisnéise seo chun cuimhne na héachtaí daorchluiche a rinne ceathrar deartháireacha as Dúiche Sheoigheach in iarthar na Gaillimhe ag an leibhéal gairmiúil is airde sa spórt seo, céad bliain ó shin. Seo scéal na ndeartháireacha Uí Néill as an Mám agus an oidhreacht daorchluiche a d'fhágadar ina ndiaidh, scéal ar beag trácht air ina dtír dhúchais.

Cúigear páistí a bhí sa teaghlach nuair a d'fhág siad an baile sa Mám lena muintir in 1882. Lonnaigh an teaghlach i Minooka, Pennsylvania, áit ar rugadh ochtar eile clainne dóibh. Ní fada gur léirigh siad a gcumas sa daorchluiche agus go raibh siad ag imirt le cuid de na foirne ba cháiliúla ar fad ag an leibhéal gairmiúil ab airde leithéidí na Cleveland Indians agus na Boston Red Sox.

Deirtí gur i nGaeilge a bhíodh beirt acu a rugadh in Éirinn ag comharthaíocht lena chéile agus iad ag imirt leis na St Louis Cardinals, Jack (an ceapadóir) agus Mike (an caiteoir) agus iad ag imirt lena chéile do na Cardinals idir 1902 – 1906. Dearthár eile a rugadh i Meiriceá, Steve an duine is fearr ar fad a chruthaigh sa spórt mar gur bhuaigh sé an chraobh is airde, an World Series, mar imreoir agus ina dhiaidh sin mar bhainisteoir foirne.

Is fada ó ghleann an Mháma a thuill siad cáil dóibh féin. Seo a scéal.

Léiriú le Snag Breac Films; Aengus Mac Eochagáin 087-7580593
snagbreacfilms@gmail.com

Inis Caorach**15/11/15**

Oileán é a tréigeadh, ar nós go leor eile ag an am ceal seirbhísí, tacaíochta agus easpa suime lucht ceannais. Trí scór bliain ó shin, tháinig deireadh le saol oileánach an dosaen teaghlach a raibh cónaí orthu ar an oileán seo amach ó chósta Dhún na nGall. Bhíodar suaite, traochta, tréigthe. Is le hais a chéile – i sraith tithe ar thaobh amháin den oileán ach d'fhág stoirmeacha rialta an Gheimhridh agus easpa bunseirbhísí ón Stát gur mheas na hoileánaigh nach raibh i ndán dóibh ach an drochrud dá bhfanfaidís ann. De réir a chéile – agus gan aon phlean comhordaithe ó lucht ceannais, bhánaigh siad an t-oileán, d'fhág slán ag a ndúchas agus rinneadh scaipeadh na mion-éan orthu ar an móirthír – in Éirinn agus thar sáile.

Mar chomóradh 60 bliain ar an eachtra bhrónach seo, tháinig cuid de na hoileánaigh agus a sliocht ar ais go hInis Caorach i Samhradh 2015, turas lae a ghin cuimhní go leor agus cumha i ndiaidh an am a caitheadh. Ach bhí ceol agus amhráin acu freisin, le cabhair ó fhear na Rossan, an t-amhránaí Daniel O'Donnell.

Seo é scéal an oileáin a tréigeadh agus an lae a caitheadh á chomóradh.

Léiriú le HG Productions: Helena Gallagher helena@hgproductions.co.uk

Triúr a Bád**22/11/15**

Tá cáil ar fud an domhain ar an scannán faisnéise *Man of Aran* a rinne Robert Flaherty i 1934. Is le gairid, áfach, a thángthas arís ar chóip de *Oíche Sheanchais* gearr-scannán eile a rinne sé le muintir an oileáin ag an am sin freisin.

Taispeánadh an scannán sin ar an oileán i Samhradh na bliana 2015 agus spreag a raibh ann an clár nua faisnéise seo. Agus í ag breathnú ar an seanchaí Seáinín Tom Ó Direáin ag aithris a scéil i scannán Flaherty, is ea chuimhnigh Máire Uí Nuanáin, iar-mhúinteoir, gur bád Seáinín Tom agus beirt eile, Jamesy Ó Flaithearta agus Seosamh Ó Flanagáin (a hathair féin ar dhuine acu) cúig bliana ina dhiaidh sin. Ní bhfuarthas na coirp ariamh

Léiriú le Scannán Dobharchú: Máirín Seoighe dobhar@eircom.net 087-2216946

Snámh In Aghaidh an Easa**29/11/15**

Scéal iascaireachta a ghin ceannlínte ar fud an domhain agus nuacht-phictiúir thar a bheith scanrúil ach inar tháinig gach duine slán. Rianann an clár an turas cinniúnach iascaireachta a rinne ceithre thráiléir as Inis Mór Árainn in Earrach 2015 agus iad ar thuras iascaireachta ronnach amach ó chósta thuaidh na hAlban.

Baineann baol ar leith le hiascach ronnach mar go bhfuil luas ag an iasc seo agus gur doiligh a bheith cinnte cá mbeidh sé ar fáil. Is ar Inis Shealtain a bhí triall na mbád Éireannach don turas seo ach ar an 20 Eanáir, i bhfaiteadh na súl a tharla an tubaiste a chuir ceann de na soithigh, an *Iúda Naofa* go grinneall na farraige amach ó chósta Leódhais in Inse Gall na hAlban. Bhí héileacaptar tarrthála ar an láthair agus facthas ar fud an domhain an físeán a glacadh den soitheach ag iompú ar a taobh agus ag sleamhnú faoin tonn ar luas lasrach. Bhí ceamaradóir an chláir faisnéise seo ar bord an tráiléara agus seo mar a chonaic seisean an turas, an tubaist agus ar tharla ina dhiaidh.

Léiriú le Meangadh Fíbín, Darach Ó Tuairisg 091-505855 meangadh@gmail.com

Cuimhní ón mBlascaod (le craoladh 2016)

Scéal an Bhlascaoid i bhfocla na n-oileánach iad féin in agallaimh a taifeadadh breis is fiche bliain ó shin ach nár craoladh riamh roimhe seo. Is é an stiúrthóir/léiritheoir Gerry Gregg, a bhuaigh duais Emmy roinnt bhlianta ó shin, a chuir an tsraith le chéile.

Is scéal ann féin an t-ábhar scannáin ar a bhfuil an tsraith bunaithe, cuid mhaith. B'í Fondúireacht an Bhlascaoid a choimisiúnaigh an stiúrthóir scannán Bob Quinn agus an bheirt Déiseach (Séamus, ceamaradóir agus a dheartháir Brendan, fear fuaime) le hagallaimh a thaifeadadh lena raibh d'oileánaigh an Bhlascaoid fós beo in Éirinn, Rinne siad sin agus b'é Séamus Deasy a choinnigh na seanscannáin in áilear a thigh ar feadh na mblianta. Tá an scannán sin agus an taifeadadh fuaime cóirithe go digiteach anois agus roinnt taifeadadh nua déanta i gCiarraí agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá don tsraith seo freisin

Tá beirt oileánach fós ina mbeatha óna seanscannáin, agus tá agallaimh nua leo siúd chomh maith le hagallaimh le daoine eile a bhfuil tuiscint ar leith acu ar shaol an oileáin. I 1953 a tréigeadh an Blascaod, agus insíonn Mike Ó Cearnaigh, an fear a scríobh litir chuig Eamon de Valera ag iarraidh cabhair uaidh, cúlra tragóideach na litreach sin. Tá Mike, 95, fós ina bheatha i dteach altranais i Springfield, Mass.

Sa tsraith freisin feicfear Maura Kavanaugh as Gaillimh, iníon le Muiris Ó Súilleabháin (údar *Fiche Bliain ag Fás.*) Thug Maura cuairt ar oileán dúchais a hathar don tsraith seo, agus ar an oileán freisin bhí Cole Moreton, údar *Hungry for Home- Leaving the Blaskets.*

Sraith thábhachtach mhealltach dhraíochtúil, lán le scéalaíocht, le cuimhní agus le cumha i ndiaidh an tsaoil atá imithe.

Produced by Praxis Pictures Gerry Gregg praxispictures@gmail.com

Anamnocht 9.30pm Dé Máirt

Séasur úr agus taisce nua clár fada faisnéise Gaeilge, léirithe ar ardchaighdeán a thugann léargas taibhsiúil dúinn ar phearsana, ar ghluaiseachtaí, ar smaointe nó ar áiteanna a bhfuil tábhacht nó suntas ar leith le tabhairt dóibh i stair na tíre nó na muintire. Is iad seo na cláracha fada faisnéise a thuilleann oiread sin cliú agus duaiseanna go leor don chainéal agus dá léiritheoirí

Is minic gur gné fholaithe den saol atá faoi chaibidil nó eachtra a ceileadh nó a ligeadh i ndearmad.

Bás Nó Saoirse? 9.30pm Dé Máirt ó 6/10/15

Dhá chéad bliain ó shin, ag tús na naoú aoise déag, bhí Éire ina cuid dhílis d'Impireacht na Breataine, an impireacht ba mhó riamh i stair an chine dhaonna ina raibh a gcearta á ndiúltú do na milliúin.

Is thart ar am seo a thosaigh dornán beag daoine aonair in Éirinn ag tabhairt dúshlán an fhorlámhais seo agus ag deimhniú lena mbriathra agus lena ngníomhartha nach raibh siad ag géilleadh dó, ina measc Michael Dwyer, Philip Cunningham, William Smith O'Brien.

Nuair a cuireadh an dlí orthu, ciontaíodh iad agus b'é a bpionós iad a dhíbirt chun na hAstráile, áit a bhí chomh fada ó bhaile i saol na linne sin is atá an ghealach i saol an lae inniu.

Seo a scéal in dhá chlár, bunaithe ar an leabhar *Death or Liberty* le Tony Moore.

Comhléiriú idirnáisiúnta le páirtíocht Tile Films (Éire) agus Roar Film (An Astráil) le tacaíocht ó TG4 ABC Australia, S4C, S4C Digital Media Ltd., Screen Tasmania, Screen Australia, an scéim *Fuaim agus Fís* ag Údarás Craolacháin na hÉireann, Off The Fence Distribution agus an creidmheas a cheadaíonn Alt 481 den Acht Airgeadais.

Léiriú le Tile Films: Stephen Rooke stephen@tilefilms.ie 01-6114646

Lugs

10/11/15

Scéal Garda ar thuill a mhodh oibre cáil lena linn (idir mholadh agus cháineadh. Fear mór ar gach bealach ab ea Jim “Lugs” Brannigan. Rugadh é i 1910 i gceantar na Líobairtí i mBaile Átha Cliath. Agus é ina ógánach, léirigh sé cumas maith dornálaíochta, spórt a chleacht sé ar feadh a shaoil, mar iomaitheoir agus mar réiteoir ina dhiaidh sin.

Liostáil sé sa nGarda Síochána agus is ar a cheantar dúchais a d’fhill sé agus é nua-cheaptha ina Gharda. Thuig sé a mhuintir féin agus na cúiseanna a spreag daoine bochta chun coiriúlachta. Thuill sé ómós agus muinín na cos-mhuintire as a mhodh díreach ag déileáil leo sin a sháraigh an dlí. Níor leasc leis a dhorn ná a smachtín a úsáid agus bhí faitíos roimhe chuile áit sula fada.

Thuig a shinsir go raibh ag éirí leis agus tugadh cead dó buíon Gardaí a chur le chéile a théadh ar fud na cathrach ag coinneáil súil amach d’éinne amhrasach agus á ngabháil má cheap siad gur ghá sin. Ach ba nós leis freisin dul chun cúirte agus labhairt ar son ógánach ar mheas sé gealladh a bhí faoi agus dóchas aige nach rachadh an duine sin ar strae arís.

De réir a chéile, d’imigh modh oibre Lugs Brannigan as faisean agus thosaigh daoine á cháineadh, á rá gur bheag idir an bhrúidiúlacht a chleacht na coirpigh agus iompar na nGardaí féin, uaireanta.

Tugann an clár seo an deis dúinn ár mbreithiúnas féin a thabhairt agus tuiscint ar fháil ar an bhfear agus ar an ré inar mhair sé.

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Scun Scan: Dónall Ó Maolfabhail. 087-2342039

Mór-chlár nua faisnéise agus staire, an tríú ceann sa tsraith ón duais-léiritheoir Andrew Gallimore faoi imeachtaí cinniúnacha an Chogaidh Cathardha beagnach céad bliain ó shin.

Sa saothar seo, díritear ar an gcogaíocht i Luimneach agus fórsaí an Rialtais Shealadaigh agus na bPoblachtach in árach a chéile. Theastaigh uathu ar aon smacht a fháil ar chathair Luimnigh agus ar Chill Mhocheallóg sa gcontae sin. Thuig an dá thaobh go raibh tábhacht straitéiseach ar leith leis an taobh sin tíre agus bhí aon trodaíocht sa taobh seo tíre dian agus fuilteach. Is de thoradh na cogáíochta seo a tháinig deireadh na troda ach is aisti freisin a d'eascair imeachtaí a spreag feallmharú bheirt de mhór-phearsain na linne, ina measc Micheál Ó Coileáin

Is ó bhéal agus ó pheann na ndaoine a ghlac páirt atá iomlán an chuntais a thugtar anseo; leabhair, litreacha agus dialanna. Feicfead sa gclár freisin, den chéad uair riamh, scannán cartlainne de shochraid an Choileánaigh.

Is é an t-aisteoir aitheanta **Macdara Ó Fátharta** an tráchttaire agus tá guthanna aisteoirí aitheanta eile le cloisteáil sa reacaireacht, ina measc **Peter Coonan** (*Love/Hate, The Guarantee*), **Dara Devaney** (*Raw, An Bronntanas*) agus **Mario Rosenstock**.

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Fastnet Docs; Morgan Bushe morgan@fastnetfilms.com 085-7195345

Ard na Croise

(Le craoladh 2016)

Theastaigh ón Saorstát nua-bhunaithe foinse dúchasach leictreachais a aimsiú agus togra mór siombalach innealtóireachta a bhunú a ghinfeadh dea-phoiblíocht chomh maith le leictreachas. Chuir Scéim na Sionainne 1925-29 in Ard na Croise an dá aidhm sin i gcrích le chéile.

Tugann an mór-chlár nua faisnéise seo leis scóp, siombalachas agus scéal na scéime seo, togra ar scála ollmhór nár sáraíodh ó shin. Bhí uisce na habhann ab fhaide agus ba thábhachtaí sa Stát le cur ar mhalairt treo, le ceansú agus leictreachas le gineadh as chun leasa an phobail ar fad. Caitheadh 20% de Bhuiséad iomlán an Stáit air agus cuireadh fostaíocht ar fáil do 5,000 oibrí 10% acu tugtha leis as an nGearmáin ag an gconraitheoir, Siemens. Bhí an conradh faighte ag an gcomhlacht seo agus Rialtas an tSaorstáit anseo lán-eolach ar na pionóis airgid a gearradh ar an nGearmáin i gConradh Versailles tar éis an Chogaidh Mhóir.

Léiríonn an clár faisnéise, le cabhair ábhair nua-aimsithe i gcartlann Siemens agus le cabhair na líníochtaí a rinne an t-ealaíontóir Seán Keating agus é ag ullmhú dá chuid pictiúr den obair agus í ar bun – an saothar, an tsamhlaíocht agus an teicneolaíocht a bhain leis an togra millteach seo.

Orthu sin atá páirteach sa gclár tá, **Mick McCarthy**, an **Dr. Eimear O'Connor**; **Eddie O'Connor**, bunaitheoir Airtricity, **Dr. Joachim Fischer**, **Máire Ní Ghráda**; **Trevor Sargent** ón gComhaontas Glas agus Príomhfheidhmeannach Bhord Soláthair an Leictreachais **Pat O'Doherty**.

Léiriú le Johnny Gogan johnny@banditfilms.ie

071-9134900

Deoch an Dorais Nollaig 2015

Clár faisnéise faoi Chonallach nárbh fhéidir a mharú – ainneoin 20 iarracht éagsúla Seo é scéal Mike Malloy, imirceach a ndeachaigh an saol ina aghaidh agus a bhí ag ól go trom agus aithne mhaith air i dtithe tábhairne sa Bronx i Nua Eachrach nócha bliain ó shin. Ní raibh bean ná clann aige, post, teach ná árasán. Bhí an saol dian ag go leor ach bheartaigh ceathrar dá lucht aitheantais cleas gránna a imirt air – polasaí árachas saoil a cheannach air, é a chur chun báis agus an t-airgead a bhailiú.

Fiche iarracht a rinne siad é a chur den saol i ngan fhios dó, ach theip orthu ar fad – chaoch siad le deoch mheisciúil é, tugadh oisrí dó a bhí nimhithe, cuireadh nimh francach ina chuid bia – d'ith sé agus d'ól sé an t-iomlán. Scaoil siad gluaisteán sa mullach air ach níor éirigh leo. Bhí teacht aniar i Mike agus tháinig sé slán ó gach eachtra acu seo.

Sa gclár seo, tugann Conallach iomráiteach den sloinne chéanna, **Anthony Ó Maolmhuaidh**, captaen Dhún na nGall a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann den chéad uair i 1992, turas go Nua Eabhrac ag fiosrú an fhir seo – ar éirigh leo é a mharú faoi dheireadh.

Léiriú le Magamedia Teo. Paddy Hayes magamedia@gmail.com 087-2896718

Cumhacht Babel

26/09/15

Ar Lá Eorpach na dTeangacha, seo saothar a thugann léargas pearsanta agus eacnamaíil ar bhuntáistí an ilteangachais ag daoine i saol an lae inniu. Is eacnamaí óg de bhunadh na Catalóine í Anna Solé. Is í an Chatalóinis teanga a hathar ach is Spáinnis a bhí ag a máthair. Agus Anna ar an ollscoil, d'fhoghlaim sí Fraincis agus Béarla. Anois, tá sí ag obair do Choimisiún an Aontais Eorpaigh sa mBruiséil agus í pósta ar Joost, fiontraí ón tír sin arb í Pléimeannais a theanga. Is léiriú é a saol baile agus oibre gur buntáiste don duine a bheith ilteangach.

Jim Driscoll - Dornálaí

(Le craoladh Earrach 2016)

Scéal Jim Driscoll, dornálaí agus fear uasal a thuill cáil as a chumas sa gcró dornálaíochta agus meas as a chineáltacht agus as a dhílseacht dá dhúchas agus dá mhuintir. Bhásaigh sé leis an eitinn i 1925 agus d'fhreastail os cionn 100,000 duine ar a shochraid i gCardiff na Breataine Bige.

Is sa gcathair sin a rugadh é in 1880, de bhunadh Éireannach. Agus gan é ach ina naíonán faoi bhun bliana, maraíodh a athair i dtimpiste ag a chuid oibre. D'fhág sin a mháthair gan céile agus gan airgead. B'éigin di glacadh le fóirithint an pharóiste agus bhog sí féin agus a clann óg isteach i dteach aíochta agus fuair sí obair chrua ar bheagán pá. B'éigin do Jim obair a fháil freisin mar bhuachaill óg ach ba ghearr go raibh a chumas dornálaíochta ag teacht chun tosaigh, rud a thuill cáil dó agus meas air i measc na nGael thall agus na mBreatain freisin. D'éirigh leis dul chun cinn sa dornálaíocht freisin agus bhuaigh Craobhacha na Breataine (Beilt Lonsdale) agus Chomhlathais na Breataine sa gCleimheáchan. Cuimhnítear ach go háirithe ar a chuid babhtáí le Freddie Welsh.

Liostáil sé in Arm na Breataine le linn an Chogaidh Mhóir. Sheas sé lena mhuintir féin i gcónaí agus thuill meas ar leith nuair a roghnaigh sé seasamh lena gheallúint freastal ar imeacht bhailithe airgid do Dhílleachtlan Theach Nazareth seachas troid a thuillfeadh Craobh an Domhain dó féin. Ghoill a bhás ón eitinn, in aois 45 bliain, ar go leor daoine.

Áirítear Jim Driscoll ar dhuine de na dornálaithe ab fhearr agus ba sciliúla riamh agus bhí cáil ar leith ar a chumas leis an gciotóg. Sa gclár seo tabharfaidh staraithe agus saineolaithe dornálaíochta, ina measc **Bernard Dunne** a mbreithiúnas ar a shaol agus ar a oidhreacht.

Comhléiriú idir Square One Productions agus Rondo Media UK. Shane Tobin info@sq1.ie 087-2467889

An Trucailín Donn (Le craoladh 2016)

Clár tráthúil faisnéise faoi chás fánach cúirte a ghin conspóid agus poiblíocht iontach do ghluaiseacht na Gaeilge beagán le cois 100 bliain ó shin.

Cainteoir dúchais Gaeilge, file agus cumadóir amhrán ab ea **Niall Mac Giolla Bhríde, feirmeoir** beag i dTír Chonaill. Dá fheabhas a shaothar fileata, is mó a cháil anois, b'fhéidir as an trí fhocal *An Trucailín Donn* a bhí scríofa aige ar a charr asail, Lá amháin i 1905 agus é ag filleadh abhaile go suaimhneach ón margadh i nDún Fionnachaidh, stop póilín é agus chuir toghairm chun cúirte air as na focla Gaeilge seo a bheith scríofa ar an gcairt aige. Thuig sé féin agus muintir Chonradh na Gaeilge – an t-eagras a bhí bunaithe le cearta na teanga a chosaint agus a chur chun cinn – go raibh deis anseo agus thapaigh í. B'é seo an t-aon chás cúirte ina shaol inar chleacht **Pádraig Mac Piarais** a ghairm mar abhcóide. Chinntigh an Conradh go raibh tuairiscí sna nuachtáin ag léiriú na héagóra seo agus áiféis na n-údarás ag cur an dlí ar dhaoine as a dteanga dúchais a úsáid.

Sheila Friel a léirigh agus fuair an léiriú seo tacaíocht mhaoinithe ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Imagine Media info@imaginetelevision.co.uk 00447787153285

Suas (Le craoladh 2016)

Clár faisnéise, leath-dháiríre faoin gcáil dhomhanda a thuill baile beag i gCorcaigh as an ardú croí agus eile a fuair fir an bhaile as an mhonarcha áitiúil a bhí ag táirgeadh an druga Viagra. Tuairiscíodh go raibh an ghail a bhí ag imeacht le gaoth as simléir na monarchan Pfizer i Rinn an Scídeigh ar chuan Chorcaí ag cur le fearúlacht na bhfear a chónaigh ina aice agus go raibh an uile dhuine, idir fhir is mhná breá buíoch. Bhí triall na scórtha iriseoir agus criú nuachta teilifíse ar an mbaile beag ag an am agus tuairiscíodh go raibh dhá chomhlacht léiriúcháin i Hollywood ag dréachtú scrípte do mhór-scannáin faoin leas a bhí an Viagra a dhéanamh go hindíreach don cheantar.

Scéal i mbarr bata a bhí ann, b'fhéidir ach fiosraíonn an clár seo an rabharta poiblíochta a ghin an scéal agus an aird a tharraing sé ar bhaile beag suaimhneach gan urchóid. B'iad na muca ciúine a d'ith an mhin.

Léiriú le Dearg Films. Brian Reddin deargfilms@eircom.net 087-2744802

Robert Shaw

(Le craoladh 2016)

Clár faoi mhór-réalta scannán a thuill cáil idirnáisiúnta ar an scáileán ach a bhí cráite ag fadhbanna pearsanta go dtí go bhfuair sé suaimhneas agus sásamh i nGaeltacht Mhaigh Eo, áit ar lonnaigh sé agus inar bhásaigh sé ar thaobh an bhóthair le taom croí i 1978 agus gan é ach bliain le cois an leathchéid.

Is scéal casta é scéal an tSasanaigh Robert Shaw, fear a phós trí huaire, a raibh deichniúr clainne air (beirt acu uchtaithe). Bhain sé clú agus cáil amach i scannáin mhór-ráchairte ar nós *The Deep*, *The Sting*, *From Russia with Love*, agus *Jaws*. Fuair sé ainmniúchán Oscar dá ról mar an Rí Anraí VIII sa scannán *A Man for All Seasons*. Údar a bhí ann arbh fhearr leis a bheith aitheanta as na leabhair scríobh sé ná as na scannáin.

Alcóláí a bhí ann a tharraing clampar agus aighneas dó féin agus dá mhuintir. Ach nuair a cheannaigh sé teach mór na bPluincéadach ar an Droim Bán ar bhruach Loch Measca i nGaeltacht Thuar Mhic Éadaigh i ndeisceart Mhaigh Eo, rinneadh fear nua as. Bhí dúchas an Cheiltigh ann cheana féin mar gurbh as Corn na Breataine ar dtús dó agus ba léir gur réitigh suaimhneas agus maorgacht an dreach tíre cois Measca leis. Chuaigh an Ghaeilge i gcion air freisin agus chinntigh sé gur fhoghlaim a chlann í. Ghlac sé páirt in imeachtaí an phobail, thug faoin bhfeirmeoireacht mar ghairm agus labhair go minic agus go poiblí ag moladh na háite agus a muintire.

Bhain taom croí dó agus é ag tiomáint abhaile as Caisleán an Bharraigh lá amháin, stop sé an carr agus bhásaigh. Nochtadh plaic chuimhneacháin á chomóradh i 2008, rud a d'eagraigh an pobal áitiúil.

Léiriú le Dearg Films deargfilms@eircom.net Brian Reddin 087-2744802

Pioc do Ride**10pm Déardaoin ó 24/9/15**

Sraith nua éadrom, 13 clár, formáid nua as an bpíosa ina bhfuil cailín ag iarraidh a grá geal a aithint, bunaithe ar na leidí faoina phearsantacht atá ar fáil ina rogha gluaisteáin agus ina chumas mar thiománaí. Bíonn triúr iarrthóirí fir i ngach eagrán agus an deis ag gluaisteánaí na bua an cailín a thabhairt amach chuig béile agus a gcaidreamh a dhlúthú.... Ach tá cor eile sa scéal mar go bhfuil de rogha ag an bhfear a roghnaítear an duais-chiste a chaitheamh ar a ghluaisteán agus gan bacadh leis an gcailín.

Is í **Áine Goggins** an láithreoir agus í ag cabhrú leis na hiomaitheoirí fir a bpearsantacht a chur chun cinn ar an mbealach is buntáistiúla agus ag comhairliú na mban an fhianaise atá ar fáil dóibh faoi na fir éagsúla a mheas agus an rogha cheart a dhéanamh

Beidh luas leis an dtiomáint agus leis an gcaint, beidh snas ar bhróga agus ar ghluaisteáin agus beimid ag súil nach mbeidh aon tiománaí ar an gcláí.

Léiriú le El Zorrero **Films** David Clarke dave@elzorrerofilms.ie 085-7206653

Survivor 29 - San Juan del Sur 7.15pm Dé Sathairn ó 19/09/15

Séasúr eile den tsraith eachtraíochta amuigh faoin aer. Meiriceánaigh iad na hiomaitheoirí, naoi lánúin agus iad ag iarraidh dúshláin éagsúla a chomhlíonadh sa bhfiántas i Nicaragua agus an ceann is fearr a fháil ar a gcéilí comhraic agus an díbirt a sheachaint. Maireann an comórtas cúig seachtainí agus gan ag na hiomaitheoirí ag an tús ach nóta ar pháipéar agus breochloch le hábhar tine a lasadh

De réir mar a théann an comórtas chun cinn, éiríonn an córas díbeartha níos casta agus iomaitheoirí a bheidh san iomaíocht lena bpáirtithe féin.

Níl sé furasta teacht slán!

An Jig Gig

8.30pm Domhnach ó 22/11/15

Séasúr eile, 13 clár, den chomórtas damhsa ina bhfuil rinceoirí de gach aois, stíl agus eagraíocht san iomaíocht ar an stáitse céanna. Ní bheidh ann ag deireadh ach buaiteoir amháin.

Feicfear na céadta rinceoir ar an stáitse agus an láithreoir **Aindrias de Staic**, aisteoir, fear grinn, moltóir agus ceoltóir ag tabhairt misnigh dóibh (agus sólás uaireanta).

Beidh seisean ag tabhairt misnigh do na hiomaitheoirí agus ag ceistiú na moltóirí:

Breandán de Gallaí, príomh-dhamhsóir le *Riverdance* ar feadh i bhfad agus Stiúrthóir Damhsa leis an seó iontach sin anois. Tá taithí na mblianta ag Breandán a bheith ag obair le réalta an damhsa agus aithníonn sé an scoth nuair a fheiceann sé é.

Dearbhla Lennon, príomh-dhamhsóir le *Riverdance*, duine de réalta an damhsa sa tír seo le blianta anuas, saineolaí a thuigeann an ealaín.

Labhrás Sonáí Choilm Learraí, fear a bhfuil a chroí ar fad sa damhsa ar an sean-nós agus é thar a bheith dílis don tseanstíl. Ní chuireann Labhrás fiacail ina bhreithiúnas.

Tugadh éisteacht do bheagnach 1000 grúpa i rith a tSamhraidh agus astu sin fuair beagnach 100 oirfideach, idir ghrúpaí agus rinceoirí aonair, cuireadh bheith páirteach sa chlár teilifíse. Bíonn corr-fhocal idir na moltóirí freisin!

Léiriú le Adare Productions. Brian Graham 01-2843877 brian@adareproductions.ie

Sraitheanna Faisnéise / Dúlra / Sláinte

***Dúiche* 7.30pm Dé Domhnaigh ó 27/9/15**

An dara séasúr den irischlár spreagúil eolasach ina mbíonn **Síle Nic Chonaonaigh** ag taisteal na tíre ar thóir scéalta agus imeachtaí a thugann léargas ar an saol sa bpobal sin – scéal spreagúil nó suimiúil i gcónaí.

Castar í le pobail ina bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna casta timpeallachta nó sóisialta le dóchas agus le samhlaíocht. Ta go leor le foghlaim againn óna chéile agus spreagfaidh na samplaí sa tsraith seo an lucht féachana le aghaidh a thabhairt ar cheisteanna le tuiscintí nua ó dhaoine atá i ngleic leis na dúshláin chéanna in áiteanna eile ar fud na hÉireann.

Beidh trácht ar bhánú na tuaithe, ar fhiontraíocht, ar athnuachan bailte agus ar cheardaíocht. Féach, fiosraigh agus feidhmigh!

Léiriú le Open Eye Productions: Martin Cronin info@opentv.ie 087 8036012

***Imircigh Ban* 8.30pm Dé Céadaoin ó 30/9/15**

Sraith nua 4 chlár a thugann deis labhartha agus ómós do chuid de na scórtha míle bean ón tír seo a chuaigh ar imirce chun na Breataine sa tríocha bliain tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus nár fhill go buan go deo agus a ligeadh i ndearmad, cuid mhaith.

D'fhágadar an baile, ar maidin leis an lá agus a n-aghaidh ar Londain, ar Birmingham, Glaschú, Manchester, Huddersfield agus go leor áiteanna eile. Fuair a bhformhór obair, phós siad go sona agus thóg clann. Saol singil a roghnaigh cuid eile acu ach bhí an cumha i ndiaidh an bhaile agus a muintir in Éirinn ina smál ar a saol ag beagnach gach duine acu. Is beag acu a labhair faoi nó a d'fhág cuntas air i scríbhinn a foilsíodh go forleathan.

Seo a scéal anois faoi dheireadh, óna mbéal féin.

Léiriú le Scannán Dobharchú; Máirín Seoighe dobhar@eircom.net 087-2216946

Racht 10pm Céadaoin ó 30/9/15

Sraith nua, 6 chlár ina bhfiosraítear an cúlra a bhain le dúnmharú a tharla in áit iargúlta in Éirinn agus ina raibh mothúchán láidir - fearg, éad, náire, eagla – i gcroílár an fhoréigin a tharla.

Cás **Stephen Lyne** i gCill Airne i 2009. Sádh an déagóir seo, 17 bliain d’aois, aon uair amháin le scian ar thaobh an bhóthair agus gan é ach 300 méadar ón mbaile. Bhásaigh sé. Tráchtann a mháthair Lotte, ar a briseadh croí agus ar chultúr marfach na scine agus ar an coireanna a eascrann as i saol an lae inniu.

Cás **Mholly Bunberry** sa Spidéal in 1886. Baile beag faoin tuath i nGaeltacht na Gaillimhe ab ea an Spidéal sé scór go leith bliain ó shin. Ansin a lámhach an Dr Terence Brodie a bhean chéile, Molly Bunberry, san éadan le gunna. Maraíodh í ar an toirt. Tá agallamh lena gharmhac, Pierce Rood sa gclár seo.

Leanbh “E” i Ros Comáin i 1934. Rugadh leanbh do Elizabeth Edwards ach trí mhí ina dhiaidh sin, tugadh í féin agus a deirfiúr Rose ós comhair cúirte agus iad cúisithe i ndúnmharú an linbh. Níor thángthas ar chorp an linbh riamh. Is saineolaí ar an naímharú í an t-údar Clíona Rattigan agus tráchtfaidh sí ar an gcás áirithe seo agus ar a iarmhairtí mar aon leis an sórt seo coire i gcoitinne.

Patrick Devine - Na Spéiríní 2004. Bhí Patrick Devine, altra agus feirmeoir caorach ag ithe a dhinnéar sa mbaile nuair a lámhachadh é sé uaire le hurchair a scaoileadh leis tríd an bhfuinneog. Tá an cás seo fós oscailte. Labhróidh a mhuintir faoina mbriseadh croí agus faoina bhfolús a bhaineann leis an marú foréigneach seo nár tugadh éinne chun cúirte faoi riamh.

Conell Boyle - Anagaire 1898. Thángthas ar chorp Chonaill agus é dúnmharaithe ina theach féin. Bhain an choir seo croitheadh go bun as an bpobal áitiúil ach nuair a thosaigh an fiosrúchán, baineadh preab níos doimhne fós as na daoine mar gurbh é a mhac a cúisíodh agus a ciontaíodh ina bhás.

Shaun Fitzpatrick - Dún Geanainn 2008. Bualadh agus batráladh Shaun Fitzpatrick agus é ar a bhealach abhaile deireanach san oíche. Fear homaighnéasach ab ea é a cheil sin ar feadh na mblianta. Bhí sé tar éis a rún a scaoileadh le daoine tamall sular maraíodh é agus é sásta go maith leis an saol ina dhiaidh sin. Labhraíonn a mháthair, Rosemary faoi. Cúisíodh agus ciontaíodh beirt eachtrannach ina dhúnmharú sa mbliain 2010.

Fuair an léiriú seo tacaíocht mhaoinithe ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Indee Films Gavin Halpin Gavin@indeeproduction.com 00447787 566728

***Hollywood in Éirinn* 8pm Dé Domhnaigh ó 27/9/15**

Sraith shuimiúil nua ina gcaitheann an t-aisteoir aitheanta **Denis Conway** súil siar ar an tionchar a d'imir léiriú mór-scannáin ar an bpobal áitiúil in Éirinn inar tharla an scannánú ar an láthair. Tugann sé cuairt ar an gceantar le cuimhní na ndaoine a chloisteáil ar an bhfuadar a bhain leis an léiriú, an fhostaíocht a gineadh go háitiúil, an leas eacnamaíoch a rinne sin ag an am, na fadhbanna a tháinig chun solais agus an oidhreacht thurasóireachta a d'fhág an scannán le uachta go háitiúil, má d'fhág.

Sna blianta a caitheadh agus go fiú sa lá atá inniu ann, is mór-ócáid d'aon bhaile beag nó ceantar tuaithe in Éirinn go roghnódh léiritheoir mór as Hollywood é mar láthair dá scannán. Tá airgead mór i gceist agus deis shuntasach ar fhostaíocht ag muintir na háite, bíodh sin ag soláthar seirbhísí don fhoireann léiriúcháin nó mar aisteoirí breise sa gcúlraid i gcuid de na radharcanna.

The Wind that Shakes the Barley

Cé gurb í cáil an cheoil, na hamhránaíochta agus na Gaeilge is mó atá ar Chúil Aodha i nGaeltacht Mhúscaí, is í seo an láthair a roghnaigh an stiúrthóir cáiliúil Sasanach Ken Loach i 2005 dá scannán cumhachtach faoi Chogadh na Saoirse. Tá stíl an-oscailte stiúrtha ag Loache agus thug seo an deis do go leor de mhuintir na háite a bheith páirteach mar aisteoirí – cuid acu i bpáirteanna suntasacha go leor. Tá neart cuimhní ag Máire Uí Ríordáin agus ag Máire Uí Mhurchú ar an deis a fuairadar féin - gan choinne – dul os comhair na gceamaraí.

Barry Lyndon

Is i nDéise Mumhan, in iarthar Phort Láirge a rinne an stiúrthóir aitheanta Stanley Kubrick go leor den scannánú ar an mór-scannán stairiúil seo i 1973. Cé go ndeirtear go minic gur dhuine cúthaileacht, fuar é Kubrick, ní shin an chuimhne atá go háitiúil air sna Déise ach a mhalairt. Fear geanúil gealgháireach ab ea é le linn a thréimhse i bPort Láirge, deirtear. Thug scóp agus buiséad an scannáin seo deis do na sluaite a bheith páirteach agus fuair saighdiúirí áitiúla rólanna freisin. Roghnaigh Kubrick gurb iad an grúpa traidisiúnta *The Chieftains* a sholáthródh an ceol don scannán agus chuir sin go mór le cáil an ghrúpa go hidirnáisiúnta.

Moby Dick

Is in Eochail in oirthear Chorcaí a lonnigh an stiúrthóir John Huston an scannán seo sa mbliain 1954. B'é an turas fada seo a d'adhain ar dtús an grá ar leith a bhí ag Huston d'Éirinn agus a thug air teacht chun cónaithe anseo ina dhiaidh sin agus iarracht a dhéanamh tionscal ceart scannán a fhorbairt anseo. Cara leis, an t-iriseoir cáiliúil Claud Cockburn ar de bhunadh na háite a bhean chéile, a thug ar Huston an léiriú a thabhairt go hEochail.

Bhí *Moby Dick* ar an rud is mó a tharla ar an mbaile riamh, seans agus mheall na mílte turasóir chun na háite ag an am agus ina dhiaidh.

Song For a Raggy Boy

Is i mBaile Mhuirne, i nGaeltacht Mhúscaí a taifeadh an scannán seo sa mbliain 2003. Cé gur scéal brónach dorcha go maith faoi dhéagóir atá sa scannán féin,

bhain an chliar agus an fhoireann léiriúcháin barr suilt agus spraoi as a dtréimhse ar an láthair tuaithe seo. Tharraing lucht an scannáin agus muintir na háite go maith le chéile agus is cuimhní gearúla atá acu ar aon ar an Samhradh aoibhinn a chaitheadar i dteannta a chéile.

Léiriú le Seabed Productions: Darina Clancy darinaclancy@gmail.com 086-2861469

Tríd an Lionsa

8pm Dé Domhnaigh ó 25/10/15

Sraith nua, 6 chlár a thugann chun solais an saibhreas iontach atá ar fáil sna taiscí cartlainne de ghrianghrafanna a tógadh sa tír seo sa tréimhse 1880-1902, luath laethanta na grianghrafadóireachta in Éirinn.

Is é an láithreoir **Pádraic Ó Neachtain** ár dtreoraí ar thuras taibhsiúil tríd an gcartlann iontach d'íomhánna ó iarthar na hÉireann sa tréimhse seo. Tá na céadta acu ar fáil i mBailiúchán Lawrence and i mBailiúchán Glass, i sleamhnáin phríobháideacha Jane Shackleton, i sraith an antraipeolaí Charles Browne, *The Irish Headhunters* agus sna tuarascálacha ar bhochtaineacht a rinne Coiste Theach an Ardmhéara. Seo an chuid is fearr acu anois duit.

Chuir saothar na ndaoine seo go mór le tuiscint a chothú ar an ngrianghrafadóireacht agus ar an leas a d'fhéadfadh sí a dhéanamh in iriseoireacht, sa bpolaitíocht, i dturasóireacht agus i leathnú eolais faoin mbochtaineacht agus faoin ngá le fóirithint a thabhairt do cheantair bhochta.

Fuair an togra seo maoiniú ón scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Sibéal Teo. Niamh Ní Bhaoill 066-9152555 niamh@sibealteo.com

***Fir, Marú agus Grá* 10pm Dé Céadaoin ó 11/11/15**

Sraith chumhachtach fhaisnéise/dhrámaíochta ina gcaitear súil siar ar chásanna dúnmharaithe sa tír seo inar mharaigh an fear a chéile nó a leannán. Cé go bhfuil gach cás acu uafásach ina bhealach féin agus éagsúil ó gach cás eile, tá gnéithe comónta iontu freisin agus go leor le foghlaim astu faoin gcoiriúlacht agus faoi intinn an duine.

Cuirtear scéal gach cáis acu i láthair, bunaithe ar an bhfianaise a chuir an t-ionchúiseamh i láthair na cúirte i ngach cás.

Mary Whelan

Ba chosúil gur lánúin shásta ghrámhar a bhí i Mary agus Colin Whelan nuair a phósadar i dtús na bliana 2001. Ach ní mar a síltear bítear agus taobh istigh de shé mhí thángthas ar chorp Mhary ag bun an staighre ina dteach cónaithe i mBaile Brigín i dtuaisceart Chontae Átha Cliath. Dúirt Colin gur ansin a fuair sé í agus gur amhlaidh a thit sí anuas. Léirigh an scrúdú iarbháis gur tachtadh í agus gur tugadh anuas a corp ina dhiaidh sin le cuma na timpiste a chur air.

Siobhán Kearney

Dúnmharaíodh an bhean seo ina teach cónaithe i mBaile na nGabhar i ndeisceart Bhaile Átha Cliath i bhFeabhra na bliana 2006, an lá ar cheiliúraigh a fear céile, Brian, a bhreithlá. Tachtadh í ach chroch Brian a corp ar chúl dorais le cábla leictreachais le go gceapfaí gur féinmharú a rinne sí. Bhí a mac trí bliana d'aois sa teach ag an am. Cúisíodh agus ciontaíodh Brian ina dúnmharú.

Jean Gilbert

I mí Lúnasa 2007, rinne David Bourke glaoch éigeandála gutháin 999 ag iarraidh otharchairr dá bhean Jean Gilbert. Dúirt sé go raibh sí sáite aige ach go raibh sí fós ina beatha. Bhí a triúr páistí sa seomra inar tháinig lucht an otharchairr uirthi, tugadh chun an ospidéal í, áit ar bhásaigh sí. Fiosraíodh an cás agus cúisíodh David Bourke ina dúnmharú. Phléadáil sé neamhchiontach i ndúnmharú ach ciontach i ndúnorgain. Ciontaíodh i ndúnmharú é i 2009.

Patricia Murphy

I mBealtaine na bliana 1996, chonacthas Patricia Murphy, Cláiríneach ó dhúchas, ag deifriú abhaile chun a tigh cónaithe in Ascaill Uí Ghríofa i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Ní fhaca éinne ina beatha í ina dhiaidh sin. Thángthas ar a corp tamall ina dhiaidh sin sa gcomharsanacht. Léirigh an scrúdú iarbháis gur tachtadh agus batráilte sa gceann a bhí sí. Cúisíodh a fear céile, David Murphy agus i 1998 ciontaíodh é i ndúnmharú a mhná. Dúradh sa gcúirt go raibh i gceist ag Patricia imeacht óna fear céile agus filleadh chun cónaithe ar Chontae an Chláir.

Esther McCann

I mí Mheán Fómhair 1992 las Frank McCann a theach cónaithe i Rath Fearnáin i ndeisceart Átha Cliath. Bhí a bhean chéile Esther agus a neacht Jessica ina gcodladh ag an am agus maraíodh iad sa dóiteán. Chuaigh Frank McCann chuig a chuid oibre i dteach ósta mar ba ghnách an lá sin.

Snámhaí aitheanta ab ea Frank McCann ina óige agus é gníomhach ina dhiaidh sin i gCónaidhm Snámha na hÉireann. Gabhadh é agus cúisíodh é i ndúnmharú. Chualathas sa gcúirt gur las sé an teach agus gur thug bás na beirte mar go raibh imní air go nochtfaí roinnt rún a bhain lena shaol pearsanta agus go ndéanfadh sin dochar dá mhian bheith ina Uachtarán ar an gCónaidhm Snámha.

Thit a chéad triail dúnmharaithe as a chéile nuair a rinne sé iarracht é féin a lasadh lena linn ach ciontaíodh é sa dara triail.

Dolores McCrea

In Eanáir na bliana 2004 tuairiscíodh Dolores McCrea as Co Dhún na nGall a bheith ar iarraidh tar éis di cuairt a thabhairt ar a fear céile, Gary, óna raibh sí scartha. Nuair a chuardaigh na Gardaí feirm Ghary McCrea tháingadar ar thine mhór agus ar iarsmaí coirp agus nithe eile ann. Gabhadh agus cúisíodh Gary McCrea. Le linn a thrialach i ndúnmharú Dolores tugadh fianaise gur thug sé drochíde di féin agus dá n-iníon fad a bhí siad le chéile agus go bhfuair sí batráil uafásach a thug bás Dolores.

Léiriú le Midas Productions: Mike Keane mike@midasproductions.ie 087-2540893

Face to Face 11.40pm Dé Máirt ó 6/10/15

Tá an iomaíocht ar cheann de bhun-tréithe an duine agus deirtear gur spreagadh ar leith do theaghlach, do pholaiteoirí, d'imreoirí spóirt agus do lucht gnó í. Feictear go minic gur as iomaíocht ghéar le céile comhraic sa mhargadh a thagann feabhas agus forbairt ar ghnó. Is iondúil gur suáilce an iomaíocht mar go gcoinníonn sí an dá thaobh i mbarr a maitheasa agus go gcothaíonn sí meas agus urraim dá chéile iontu. Ach, gné eile ag an iomaíocht uaireanta freisin – nuair a théann sí thar fóir agus gur aighneas, éad agus naimhdeas pearsanta agus gnó a leanann aisti.

Sa tsraith seo, déantar anailís ar roinnt samplaí den iomaíocht idir ceannairí gnó inar thuill an choimhlint go leor poiblíochta agus inar dúradh gur fuath agus fearg is mó a tháinig aisti.

Korolev v von Braun: An Spásrás 6/10/2015

Cé gur deacair a rá cé acu taobh a roghnaigh é, is cinnte gur ghlac Aontas na Sóivéide agus Stáit Aontaithe leis sa dara leath den aois seo caite, go mbraithfeadh go leor cé acu taobh a gheobhadh bua san gcoimhlint eatarthu sa spásrás. Chaitheadar ar aon na billiúin ag iarraidh an ceann is fearr a fháil – ag cur spás-árthaigh timpeall na cruinne, ag cur ainmní san ártach, ag cur duine ann a d'fhill beo, ag cur árthaigh chun na gealaí, ag cur duine chun na gealaí – ní raibh teora leis an mian ná leis an toil pholaitiúil an bua a fháil ar an taobh eile.

Seo scéal na beirte a stiúraigh an iomaíocht seo ar fad ar an dá thaobh: Sergueï Pavlovitch Korolev, an Sóivéideach agus Wernher von Braun, Gearmánach a chuaigh ag obair do na Stáit Aontaithe. Eatarthu, chasadar le mór-cheannairí an domhain lena linn – ó Stalin go Nixon agus ó Hitler to JFK.

Karl Lagerfeld v Yves Saint-Laurent 13/10/15

Cé gur minic ainm na beirte seo le feiceáil ar lipéid ar éadach, is minic a ligtear i ndearmad and tionchar a d'imir siad ar fhaisean ar feadh leathchéad bliain - agus ar an iomaíocht fhada a bhí eatarthu freisin. Bhí a stíl agus a phearsantacht féin ag chaon duine acu agus sin le feiceáil san éadach a dhear siad agus sa mbealach ina dhéileáil siad leis an bpoiblíocht agus leis an mbrú freisin.

Martin Luther King v Malcolm X 20/10/15

Lena linn agus go dtí an lá inniu féin, is ionchollú dhá fhealsúnacht agus dhá mhodh oibre éagsúil agóidíochta iad an bheirt cheannairí gorma seo atá básaithe anois le breis is daichead bliain.

Modh na síochána agus na holl-léirsithe fulangacha a mhol Luther King don chine gorm agus iad ag iarraidh a gcearta sibhialta a bhaint amach i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ministir Críostaí a bhí ann agus bronnadh Duais Síochána Nobel air i 1964. Feallmharaíodh é i 1968.

Mhol Malcom X modh agóidíochta don chine gorm ar fud an domhain nach raibh ag brath ar fhulangacht ná ar ghéilleadh. Thuill a chuid scríbhinní agus a chuid óráidíochta lucht leanta ollmhór dó, ní amháin i Meiriceá ach san Afraic freisin.

***Rubinstein v Arden* 27/10/15**

Beirt bhan misniúla ab ea Elizabeth Arden agus Helena Rubenstein, a bhunaigh agus a d'fhorbair mór-thionscal smide agus cumhrán dóibh féin. Ceannródaithe ab ea iad a chruthaigh go raibh ar chumas mná mór-bhranda idirnáisiúnta a thabhairt ó mbun-chéim i saol an ghnó go dtí barr na hearnála luachmhaire seo.

***Puma v Adidas* 3/11/15**

Deartháireacha ab Adolf agus Rudolf Dassler. Thiteadar amach le chéile agus tá toradh an easaontais sin le feiceáil go soiléir ag beagnach gach mór-imeacht agus beag-imeacht spóirt agus caitheamh aimsire ar fud an domhain anois – Adidas an branda a chruthaigh Adolf agus Puma an branda a chruthaigh Rudolf.

Tá na billiúin caite ag gach comhlacht acu san iomaíocht leis an gceann eile – ach tá na billiúin bhreise brabaigh déanta acu as freisin. De thoradh na hiomaíochta céanna, tá forbairtí suntasach déanta ag teicneoirí ar an dá thaobh ar éide agus ar threalamh do lucht spóirt, forbairtí a chuaigh chun tairbhe don saol spóirt i gcoitinne agus don chine daonna freisin, seans.

***Mandela v De Klerk* 10/11/15**

Tharla iad ar aon láthair ag tréimhse chorrach i stair a dtíre ach cá bhfios an mbeadh aon trácht ar Nelson Mandela ná ar F W De Klerk murach an fear eile a bheith mar chéile comhraic aige? Chaith fear amháin acu na blianta i bpríosún, téarma a ghéaraigh a thuiscint ar ghéarchéim a tíre agus ar an léim dóchais a chaithfí a thabhairt thar an duibheagán chun an tír a thabhairt slán ón gcine-dheighilt. Nuair a saoradh Mandela i 1990 ba bheag a mheas go mbeadh sé tofa ina Uachtarán ar an Afraic Theas taobh istigh de chúig bliana, an chéad fhear gorm riamh a toghadh chun na hoifige sin.

B'iomaí uair De Klerk ag cáineadh an ANC, páirtí Mhandela agus ag tabhairt "sceimhlitheoirí" orthu le linn tréimhse inar maraíodh 14,000 duine, gormaigh a bhformhór. Ach tar éis an fhoréigin, tháinig ré na síochána agus deimhníodh stádas Mhandela mar státaire agus mar laoch.

***Callas v Tebaldi* 17/11/15**

Scéal ar cosúil é le ceoldráma ann féin é seo, an iomaíochtaidir beirt de na réalta soprano ab fhearr agus ba cháiliúla riamh, Maria Callas agus Renata Tebaldi. Is mar amhránaithe a thuill chaon duine acu cáil dhomhanda, a guth binn féin ag chaon bhean ach iad an-éagsúil mar phearsantachtaí agus mar aisteoirí. Bhí cáil freisin ar Challas as a caidreamh fada grá leis an mbilliúnaí Aristotle Onassis, cé nár phós siad riamh.

Is minic é ina iomaíocht idir ceoltóirí agus idir amhránaithe, go háirithe lucht aon-uirlise nó raon amhránaíochta. Is é nádúr an lucht leanta go mbeifear ar cur máistrí na linne i gcomparáid le chéile agus daoine ag tuairimíocht cé acu is fearr. I saol an cheoldráma, is géire fós an iomaíocht b'fhéidir mar go bhfeictear amhránaithe sa ról céanna agus gur fusa an chomparáid a dhéanamh.

Ba ghéar agus ba shearbh an iomaíocht idir an bheirt bhan seo nó go ndearna siad athmhuintearas ar chúl stáitse in áras ceoldráma an Met i Nua Eabhrac i bhfómhar na bliana 1968.

***Visconti v Fellini* 24/11/15**

Ceannródaithe agus ealaíontóirí scannán ab ea an bheirt Iodálach seo ach bhíodar an-éagsúil óna chéile agus bhí an ghráin ag an bheirt acu ar a chéile chomh maith. Den uasal aicme i Milano é Visconti agus ba den mheánaicme i mbaile saoire Rimini Fellini. Chaitheadar scór bliain ag léiriú scannán, in iomaíocht le chéile ar thóir maoinithe dá dtograí agus do dhuaisianna ag féile scannán, ag mealladh aisteoirí agus teicneoirí scannán óna chéile agus ag caitheamh anuas ar a chéile in agallaimh agus ag nuacht-ócáidí.

***Jobs v Gates* 1/12/15**

Is é seo an comhrac is mó riamh i stair an ghnó, seans. Ar feadh daichead bliain ó lár na seachtóidí san aois seo caite, b'iad Bill Gates agus Steve Jobs eatarthu a stiúraigh go leor de thionscal na ríomhaireachta ar fud an domhain. Bhí sé (agus tá fós ar go leor bealaigh) ina dhian-iomaíocht idir an ríomhaire Mac agus an ríomhaire PC. Is iomaí cath a fearadh sa gcogadh áirithe seo, an bua le taobh amháin anois agus leis an taobh eile arís. Bhíodar ar chomh-aois (is i 1955 a rugadh iad ar aon) agus ba mhinic iad ag iarraidh an barr a bhaint dá chéile. Ach ní naimhdeas ach meas a chothaigh sin faoi dheireadh agus is cinnte gur fearrde an domhan as a n-iarraichtaí.

***Chanel v Schiaparelli* 15/12/15**

Cé go nglactar leis anois gurbh í Coco Chanel banríon an couture Francach agus domhanda san aois seo caite, ní gan iomaíocht a thuill sí an gradam sin. Ar feadh seal gairid, thug dearthóir eile mná a dúshlán. B'shin í Elsa Schiaparelli. Cé go raibh dhá stíl iomlán éagsúil éadaigh acu, b'iad na custaiméirí céanna a bhí uathu a mhealladh. Ní le gean ná le meas a fearadh an cogadh couture seo ach le binb agus le naimhdeas.

***Pepsi v Coca Cola* 22/12/15**

Cé a chreidfeadh go mbeadh an iomaíocht idir dhá bhranda cola ar cheann de mhórchóimhlíntí margaíochta an domhain le céad bliain anuas agus na billiún doll.ar caite ag an dá thaobh ag iarraidh barr a bhreith ar a chéile?

Léirítear sa gclár seo cuid den uisce faoi thalamh a bhain (agus a bhaineann fós) leis an gcogadh margaíochta seo, feall, bréaga, breabanna, sos cogaidh agus spiadóireacht.

Ar Shlí Na Fírinne

(Le craoladh 2016)

Sraith nua, 6 chlár faoin reilig agus a ról lárnach i saol agus i gcultúr na hÉireann. Is cuid den saol an bás agus cé go bhfuil athrú beag ag tarlú sa tír le scór bliain anuas, is gnách gur i reilig a chuirtear corp an Éireannaigh tar éis a bháis.

Fágann sin gur iomaí tagairt inár litríocht don reilig – anuas go *Cré na Cille* féin, an saothar iontach le Máirtín Ó Cadhain atá lonnaithe go huile is go hiomlán i reilig.

Sa tsraith seo tugann an t-údar aitheanta **Séamas Mac Annaidh** faoi chuid de scéal na reilige i gcultúr na hÉireann a ríomh le cabhair saineolaithe béaloideasa, staire agus cultúrtha. Tugann sé camchuairt na tíre go bhfiosróidh sé na difríochtaí atá idir na réigiúin maidir leis an mbás agus nósmaireachtaí adhlactha agus reilige.

Fuair an togra seo maoiniú ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Imagine Media, Sheila Friel info@imagnetv.co.uk 00447787153285

Scéalta na nÓstán

(Le craoladh 2016)

Sraith nua, 6 chlár, a thugann léargas ar ghné thábhachtach den stair shóisialta in Éirinn agus súil siar á caitheamh ar chuid de na hóstáin is mó atá luaite le stair na turasóireachta sa tír seo le seasca bliain. Bhí cáil i bhfad is i ngearr ar chuid de na hóstáin seo agus bhronn stádas áirithe ar éinne a mhaígh gur fhan sé/sí iontu.

Tráchtfaidh gach clár ar óstán amháin acu agus muid ag dul siar ar bhóithrín na smaointe faoi le cuimhní pearsanta ó dhaoine a d'oibrigh iontu, a d'fhan iontu, a scríobh fúthu nó a chónaigh ina n-aice. Baintear leas forleathan freisin as scannáin agus físeáin ón gcartlann mar aon le pictiúir, litreacha agus cártaí poist. Chruthaigh siad fostaíocht shuntasach áitiúil freisin, dar ndóigh, rud a thug tábhacht ar leith dóibh in eacnamaíocht an cheantair.

Is iad atá faoi chaibidil sa tsraith seo: **Óstán Mhala Raithní** (Maigh Eo), **Óstán Shelbourne** (Baile Átha Cliath) **Óstán Ghuagáin Barra** (Corcaigh) **An Chúirt** (Gaoth Dobhair, Dún na nGall), **Óstán Granville** (Port Láirge) agus **Óstán Great Northern** (Bun Dobhráin Dún na nGall).

Dar ndóigh spreagann gach óstán a chuimhní féin agus a cheangal le heachtraí móra staire nó le pearsanna aitheanta a bhí mar aíonna ann (An chéad Bhunreacht á dhréachtú sa Shelbourne, John Lennon agus Yoko Ono ar an Mhala Raithní i 1968 &rl)

Léiriú le Waddell Media Teo: edel@waddellmedia.com

Ceol/Cultúr

Hup **10pm Dé Domhnaigh ó 27/9/15**

Sraith úrnua ceol traidisiúnta, 13 clár a taifeadadh ar an láthair ar fud na tíre le gean agus le samhlaíocht fhísiúil. Is é an ceol, na ceoltóirí agus an láthair bun agus barr an scéil sna cláracha seo – níl láithreoir ná caint ná tráchttaireacht anseo – níl ann ach scoth an cheoil ó bhláth na gceoltóirí is fearr sa tír - agus bainfidh tú lán na súl freisin as cuid de na láithreacha iontacha ina bhfuil an ceol á sheinm

Taifeadadh an ceol le linn féile nó mór-imeacht cheoil agus tá béim ar uirlis ar leith agus blas na háite féin go láidir i ngach eagrán. Feicfear daoine ag ceol ar láthair champála, ar bháid agus i siopa búistéara fiú amháin.

Tabharfar cuairt ar Mhainistir na Féile i Luimneach ar Thearmann Feichín (Féile *Chairde na Cruite*) ar thuaisceart Chonnacht, ar Dhún Garbhán, ar Dhroim Seanbhó agus ar Bhéal Átha Seanaidh, agus rogha iontach ceoltóirí ag seinm, ina measc **Noel Hill, Tony Linnane, Alec Finn, Rosie Stewart agus a deirfiúracha –** amhránaithe uile an ghrúpa *Danú* le chéile den chéad uair (**Muireann Nic Amhlaoibh, Cárthach Mac Craith, Ciarán Ó Gealbháin, Dónal Clancy**); **Danny Meehan, Ben Lennon, Joe Fitzgerald** (fear a chaith leathchéad bliain san Astráil), **Finbar Furey** agus ceoltóirí ón nglúin nua, cuid acu nach bhfuil sna déaga fós,

Leiriú le Red Shoe Productions. maggie@redshoe.ie 01-4013646

Opry an lúir

10.30pm Dé Céadaoin ó 7/10/15

Séasúr nua eile de cheann de na sraitheanna ceoil is mó a thuilleann lucht féachana do TG4 – sraith coirmeacha ceoil a taifeadadh i sean Halla an Bhaile san lúir. Tá na láithreoirí - an rí féin **Daniel O'Donnell agus Lynette Fay** ar ais agus rogha iontach amhránaithe ina gcuideachta - **Brendan Shine, Dominic Kirwan, Mike Denver, Louise Morrissey, Charlie Landsborough, Jim Devine and Johnny Brady**.

Sa tsraith seo, beidh Daniel ag canadh leaganacha Gaeilge d'amhráin atá luaite leis fada an lá. Is gné seo de mhír nua eile sa tsraith i mbliana sa mhéid mar go mbeidh na réalta ceoil tíre eile freisin ag tabhairt faoi amhrán Gaeilge a sheinm i gcuideachta amhránaí aitheanta traidisiúnta. Ar na hoifidigh thraidisiúnta a bheidh ar an ardán, beidh **Maighread Ní Dhomhnaill, Séamus Ó Beaglaoich, Pauline Scanlon, Treasa Ní Cheannabháin, Seán Mac Corraidh** agus buaiteoir na sraithe *Glór Tíre* anuraidh, **Siobhán Ní Mhaoileoin**.

Cuireann agallaimh ar chúl an stáitse, cuairteanna baile ar na réalta, míreanna cartlainne agus comhrá leis an lucht féachana go mór leis an gclár.

Comhléiriú é seo le BBC Thuaisceart Éireann. Fuarthas maoiniú ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Big Mountain: Philip McGovern 00442830834046
info@bigmountainproductions.com

Junior Eurovision

8.30pm Dé Domhnaigh ó 11/10/15

(Babhta Ceannais Eorpach BEO ó Sofia 21/11/15)

Den chéad uair riamh, beidh iomaitheoir ón tír seo ag glacadh páirt sa gComórtas Amhránaíochta Eoráise Sóisearach agus beidh an babhta ceannais á bheochraoladh ar TG4 ag deireadh na Samhna.

Chuige sin, tá amhrán Gaeilge na hÉireann le roghnú agus déanfar sin sa tsraith 5 chlár Fómhair seo. Roghnófar amhrán Gaeilge ó amhránaí aonair nó grúpa a sheasfaidh an fód don tír seo sa gcomórtas mór Eorpach seo, a bheochraolfar as an mBulgáir ar an 21 Samhain seo chugainn.

Is é **Eoghan McDermott** a bheidh mar láithreoir ar an gcomórtas Éireannach agus moltóirí géarchúiseacha i mbun roghnaithe, **Niamh Kavanagh**, bean a bhuaigh an Comórtas Eoráise í féin, **Brian Kennedy**, amhránaí agus cumadóir agus **Stiofán Ó Fearáil** ón ngrúpa aitheanta *Seo Linn*. Is iadsan a phiocfaidh an t-amhrán nua-chumtha Gaeilge a sheasfaidh an fód don tír seo (de chéad uair riamh) sa mbabhta

ceannais Eorpach a bheochraolfar ón Arena Armeec i Sofia na Bulgáire ag deireadh na Samhna.

Nár dheas a bheith ann !

Léiriú le Adare Productions. Brian Graham 01-2843877 brian@adareproductions.ie

***The Windmill Lane Sessions* 11.30pm Thursdays from 24/9/15**

Sraith cheoil, taifeadta ag na hoifidigh is aitheanta sa tír sa stiúideo is mó atá luaite le forbairt an cheoil sa tír seo le deich mbliana fichead - an ceann cáiliúil i Lána Mhuilinn Gaoithe cois bhéal na Life sa bpríomh-chathair. Seinneann na ceoltóirí a rogha féin amhrán agus cuirtear faoi agallamh iad agus iad ar gcompord sa láthair is ansa leo – an stiúideo taifeadta.

Clár 1

Declan O'Rourke, *The Beau Motives*, Brian Kennedy

Clár 2

Damien Dempsey, *Hot Sprockets*, *Lethal Dialect*

Clár 3

Ham Sandwich, *McMahon*, *The Lost Brothers*

Clár 4

The Fureys, *Helsinki*, *Fish & Bird*

Clár 5

Re, *Original Rude Boys*, *Alien Envoy*

Clár 6

Paul Brady, Bairbre Anne, Gavin Glass

Clár 7

Wyvern Lingo, *Tucan*, *The Walls*

Clár 8

Mundy, Carol Keogh, *Aslan*

Clár 9

Mick Flannery, *Monster*, *Monster*, *Fight Like Apes*

Clár 10

Sharon Corr, *The Pale*, Declan Sinnott

Clár 11

Four of Us, Ryan Sheridan, *O Emperor*

Clár 12

Kirsty Bartarelli, Roisin O, *The Blades*

Clár 13

Frances Black / Ciaran Goss, *The Mighty Stef*, Rodrigo Y Gabriela

Imeall 8pm Déardaoin ó 24/9/15

Tá séasúr spreagúil fuinniúil eile chugainn den chlár seachtainiúil ó shaol an chultúir agus na n-ealaíon. Seo an t-ochtú séasúr agus bíonn fíis agus faobhar sna míreanna a chuireann an láithreoir **Tristan Rosenstock** agus a chomhghleacaithe in ár láthair. Is minic iad ag taisteal na gcúl-bhóithre ealaíne ar thóir seoda nach bhfeicfeadh solas an lae murach iad.

Tugtar ardán don talann nua ach ní ligtear na healaíontóirí bunaithe i ndearmad ach oiread. Ar na daoine a bheidh ag roinnt a saothair linn sa tsraith nua agus ag labhairt faoina n-ealaíon féin, beidh

Patricia Piccinini, an bhean draíochta as an Astráil a chuir míol mór ag eitilt ós cionn Chathair na dTreabh i dtús an tSamhraidh.

An scríbhneoir ildánach **Micheál Ó Conghaile** faoina shaothar úr *Diabhlaíocht Dé*, cnuasach a scrúdaíonn scéalta an Bhíobla ar bhealach úr agus a cheistíonn an caidreamh atá ag ainmhithe lena chéile.

An t-údar aitheanta **Belinda McKeon** faoina húrscéal úr *Tender*, scéal atá suite i saol ollscoile Bhaile Átha Cliath scór bliain ó shin agus a phléann leis an ngrá aerach i measc cairde ollscoile.

Ollamh Éigse Éireann **Paula Meehan** ar cuairt chuig láithreacha a spreag í agus í ina cailín óg i mBaile Átha Cliath.

An t-ealaíontóir aitheanta **Pat Hall** a trácht ar a shaol fada ag saothrú i ngort na healaíne.

Maeve Clancy - ealaíontóir agus dearthóir ar Oileán Acla a chruthaíonn pictiúrleabhair agus saothair pháipéir.

Dara McGee - Péintéir, dearthóir seite, maisitheoir - is iomaí cleite atá ar hata an ealaíontóra Dara McGee agus leanaimid go hInis Oírr é le léargas a fháil ar a cheird.

Cathal Ó Searcaigh – sa mbaile faoin Eargail ag cur síos ar an draíocht a bhaineann leis an sliabh agus faoin spreagadh a fhaigheann sé ó fhuinneamh an tsléibhe.

Níl ansin ach cuid bheag den éagsúlacht a bheidh ar fáil go seachtainiúil ar **Imeall**

Glór Tíre (Earrach 2016)

Séasúr nua den chomórtas ina bhfuilimid sa tóir ar an amhránaí nua ceol tíre is fearr in Éirinn. Sula dtosaíonn an tsraith 15 seachtain chor ar bith, tugtar éisteacht a fud na tíre do na scórtha oifideach. Roghnaítear an naonúr is fearr agus cuirtear gach duine acu faoi “altram” ceoil le réalta bunaithe. Tugann an t-amhránaí aitheanta gach comhairle agus cúnaimh dá ghearrcach le cabhrú léi/leis an chraobh a bhuan. Canann siad go haonarach agus le chéile sna luath-bhabhtaí. Ansin, géaróidh an iomaíocht agus caithfear amhránaithe amach, de réir a chéile.

Is í **Aoife Ní Thuairisg** an láithreoir agus í ag cur na n-iomaitheoirí ar a gcompond os comhair na moltóirí: **John Creedon**, ceoltóir agus craoltóir, **Caitríona Ní Shúilleabháin**, amhránaí agus cumadóir agus an réalta aitheanta, buaiteoir Eoraíse **Charlie McGettigan**.

Léiriú le Gael-Media

Ceol ón Chlann (Le craoladh 2016)

Sraith nua, 6 chlár, ina dtugtar chun cuimhne teaghlaigh aitheanta ceoil a bhfuil a rian fágtha go domhain acu ar oidhreacht cheoil na tíre seo (agus na Breataine freisin). Bíonn cáil an cheoil ar theaghlaigh áirithe agus is minic a fheictear grúpaí ceoil ina bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha ar an stáitse le chéile. Tarlaíonn seo i ngach réimse ceoil, agus tá saibhreas teaghlach as Éirinn ar fáil sa tsraith seo;

Is í an t-amhránaí **Pádraigín Ní Uallacháin**, amhránaí ó theaghlach ceolmhar aitheanta í féin, an tráchtair agus tá gach eagrán lán le míreanna ón gcartlann teilifíse, cuimhní cinn ó bhail na dteaghlach féin agus a ngaolta, iriseoirí agus tráchtairí. Is iad na teaghlaigh atá i gceist:

- Teaghlach **McManus** as Fear Manach, a bhí mar chrann taca ag an rac-ghrúpa *Mama's Boys* deich mbliana fichead ó shin.
- Muintir **Bheaglaioich** as Baile na bPoc i nGaeltacht Chorca Dhuibhne atá ag déanamh ceoil le leathchéad bliain sa mbaile agus i gcéin agus an tríú glúin anois ann
- **Con and Dec Cluskey** deartháracha as Baile Átha Cliath a thuill clú agus cáil i luath-laethanta an phop-cheoil caoga bliain ó shin sa mBreatain lena ngrúpa *The Bachelors*,
- Teaghlach **Shannon** as Contae an Chláir. B'fhéidir gurb í Sharon an té is aitheanta ach tá ceoltóirí iontacha eile sa gclann seo freisin.
- **The Four of US**, grúpa deartháracha Uí Mhurchú as an Lúir i gCo an Dúin a raibh ceirníní leo sna cairteanna 25 bliain ó shin, ina measc *Mary*
- **The McSherrys**, teaghlaigh aitheanta ceoil traidisiúnta as Béal Feirste.

Fuair an togra seo maoiniú ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann

Léiriú le Stirling Film & TV Productions: Feilimi@stirlingtelevision.co.uk

SPÓRT

- Beochraoladh eisiach ar 22 cluiche rugbaí ó shraith **Guinness PRO12**, tráthnóna Dé hAoine, ina measc **an choimhlint mhór i bPáirc Thuamhain, Dé Domhnaigh 27 Nollaig, Mumha v Laighin** sa deichiú babhta den tSraith.
- **GAA Beo** - craoladh beo eisiach teilifíse ar na cluichí Gaelacha, Meán Fómhair- Bealtaine. Is ar na craobhacha faoi aois agus ar Chraobh Club AIB i bpeil agus in iomáint a bheidh an bhéim idir Meán Fómhair agus Nollaig 2015 agus cluiche mór beo gach Domhnach.
- **Corn Rugbaí na gCuradh** - larchraoladh eisiach ar an teilifís saor go haer ar bhuaicphointí ó phríomh-chomórtas rugbaí na gclub san Eoraip agus cúigí na hÉireann ag iarraidh an forlámhas a bhíodh acu ag an leibhéal seo a bhunú an athuir
- Domhnach 27 Meán Fómhair: **Cluichí Ceannais na hÉireann 2015 i gCraobh TG4 i bPeil na mBan**. Beochraoladh eisiach teilifíse ó Pháirc an Chrócaigh ar lá mór peile na mban ansin.
- **La Vuelta** (Camchuairt rothaíochta na Spáinne). Beochraoladh eisiach ar mhór-rás rothaíochta eile, 22 Lúnasa – 13 Meán Fómhair.
- **Cispheil Beo** Beochraoladh eisiach ar chluichí ceannais na gCorn in Eanáir 2016
- **GAA 2015** Uair an chloig de bhuaicphointí ó chluichí móra an deireadh seachtaine. Gach Luan 8.30pm.
- **Cluichí Ceannais Iomána na hÉireann 2015, 12.45pm**
Na Mionúir BEO agus EISIACH (Gaillimh v Tiobraid Árann larchraoladh ag (7.30pm) ar an gCluiche Sinsear (**Cill Chainnigh v Gallimh**) le tráchttaireacht Ghaeilge.
- **Cluichí Ceannais Peile na hÉireann 2015, Na Mionúir BEO ag 12.45pm** agus iarchraoladh ar an gCluiche Sinsear ag 7.30pm le tráchttaireacht Ghaeilge.
- Beochraoladh ar 6 lá ó **Fhéile Rásaíochta Capall Lios Tuathail, 14-19 Meán Fómhair**. Is é an Guinness Kerry National Steeplechase ar an gCéadaoin 16 Meán Fómhair buaic na féile, rás ar fiú €160,000 é. Is í an Aoine 18 Meán Fómhair, Lá na mBan.
- **Seó Spóirt** réamhfhéachaint gach Aoine ar imeachtaí móra spóirt an deireadh seachtaine, á chur i láthair ag Dara Ó Cinnéide (Aoine).

- **Laochra Gael** Séasúr eile de chuimhní cinn agus ómós do mhór-imreoirí peile agus iomána ón am atá caite. Cláracha an séasúr seo ar **Ken McGrath** (Port Láirge), **JJ Delaney** (Cill Chainnigh), John Allen (Corcaigh), **Richie Bennis** (Luimneach), Eoin Kelly (Tiobraid Árann), **Declan O'Sullivan** (Ciarraí), **Annette Clarke** (Gaillimh), **Trevor Giles** (An Mhí), **Stephen McDonnell** (Ard Mhacha) agus na **Meehan's** [Declan, Michael, Tomás & Noel] (Gaillimh).
- **Motorsport Ireland** Clár seachtainiúil buaicphointí do lucht leanta rallaí sa tír seo. Gach Déardaoin.

Rugbaí Beo Guinness PRO12 Beochraoladh rugbaí TG4

Leanfaidh TG4 lena chlúdach rugbaí saor go haer an Fómhar seo le beochraoladh ar an gcomórtas nua sraithe an Guinness PRO12. Beidh dianchoimhlint ann agus tá rogha tharraingteach cluichí ag TG4 ina mbeidh na foirne as an tír seo san iomaíocht gach deireadh seachtaine Aoine thar 22 deireadh seachtaine go dtí na babhtaí leath-cheannais agus ceannais i mBealtaine 2016.

Cuirfear tús le beochraoladh TG4 leis an gcluiche **Dún Éideann v Laighean** i Murrayfield ar an Aoine 4 Meán Fómhair.

Is í **Máire Treasa Ní Dhubhghaill** an láithreoir le tráchttaireacht ó **Ghearóid Mac Donncha** agus anailís ó **Eoghan Ó Neachtain, John Broderick** agus **Éamonn Molloy**.

Is é seo sceideal na gcluichí a chraolfar ar TG4

Babhta	Dáta	Cluiche	Tús craolta ar TG4
1	Aoine 4 Meán Fómhair	Dún Éideann v Laighin,	7:30pm
1	Satharn 5 Meán Fómhair	Mumha v Treviso	7.15pm
2	Aoine 11 Meán Fómhair	Glaschú v Connachta,	7:10pm
2	Satharn 12 Meán Fómhair	Buaicphointí an deireadh seachtaine	9:15pm
2	Domhnach 13 Meán Fómhair	Ospreys v Mumha	2pm
3	Aoine 2 Deireadh Fómhair	Buaicphointí Mumha v Glaschú, Ulaidh v Treviso	10.30pm (am le cinntiú)
3	Satharn 3 Deireadh Fómhair	Laighin v Na Dragúin	2pm
4	Aoine 16 Deireadh Fómhair	Scarlets v Laighin	7:30pm
4	Satharn 17 Deireadh Fómhair	Mumha v Cardiff Blues)	1pm
5	Aoine 23 Deireadh Fómhair	Scarlets v Mumha	6:40pm
6	Satharn 31 Deireadh Fómhair	Mumha v Ulaidh	7pm
6	Domhnach 1 Samhain	Buaicphointí Treviso v Laighin	6pm
7	Aoine 6 Samhain	Laighin v Scarlets	7pm
8	Aoine 27 Samhain	Laighin v Ulaidh	7pm
8	Satharn 28 Samhain	Buaicphointí Mumha v Connachta	10pm (am le cinntiú)
9	Aoine 4 Nollaig	Cardiff Blues v Connachta	7pm
9	Satharn 5 Nollaig	Buaicphointí Glaschú v Laighin	10.30pm (am le cinntiú)
9	Domhnach 6 Nollaig	Buaicphointí Dragúin v Mumha	6pm
	Satharn	Connachta v Ulaidh,	

10	26 Nollaig		5.30pm
10	Domhnach 27 Nollaig	Mumha v Laighin	4.30pm
11	Aoine1 Eanáir	Laighin v Connachta	4:30pm
11	Satharn 2 Eanáir	Buaicphointí Ulaidh v Mumha	10pm (am le cinntiú)
12	Aoine 8 Eanáir	Ulaidh v Dragúin	7.30pm
12	Satharn 9 Eanáir	Buaicphointí Cardiff v Mumha agus Ospreys v Laighin	10.30pm
12	Domhnach 10 Eanáir	Scarlets v Connachta	2pm

CORN RUGBAÍ NA gCURADH AGUS CORN AN DÚSHLÁIN 2015/2016

Buaicphointí ar TG4 gach deireadh seachtaine imeartha

Is ag TG4 atá cearta eisiacha iarchraolta teilifíse in Éirinn ar chluichí sa dá príomh-chomórtas Eorpach do rugbaí na gclub, Corn Rugbaí na gCuradh agus an Corn Dúshláin.

Is iad seo an dá chomórtas atá bunaithe le gairid do scoth na gclub rugbaí san Eoraip agus beidh Laighin, Mumha agus Ulaidh páirteach i gCorn na gCuradh an séasúr seo agus Connachta páirteach sa gCorn Dúshláin. Imreofar na céad chluichí grúp-bhabhtaí sna comórtais i mí na Samhna 2015. Is i nGrúpa 4 atá Mumha curtha sna luath-bhabhtaí an séasúr seo agus Benetton Treviso.

Is i nGrúpa 1 atá Ulaidh, in éineacht le Saracens, Toulouse agus Oyonnax. I nGrúpa 5 atá Laighin, taobh le Bath Rugby, RC Toulon agus Wasps. Sa gCorn Dúshláin tá Connachta i nGrúpa 1 le Brive, Enisei-STM agus Newcastle Falcons.

Sceideal imeartha do Shéasúr 2015/16

Babhta 1: 13 / 14 /15 Samhain 2015

Babhta 2: 20 / 21 / 22 Samhain 2015

Babhta 3: 11 / 12 / 13 Nollaig 2015

Babhta 4: 18 / 19 / 20 Eanáir 2016

Babhta 6: 22 / 23 / 24 Eanáir 2016

Ceathrú-Cheannais: 8 / 9 / 10 Aibreán 2016
Leath-Cheannais: 22 / 23 / 24 Aibreán 2016
Cluichí Ceannais: 13 / 14 Bealtaine 2016

Na Cluichí Gaelacha ar TG4

GAA BEO

Beochraoladh eisiach teilifíse ar mhór-chluiche gach Domhnach agus iarchraoladh ar iomlán na himeartha ar chluichí eile. I measc na gcluichí a bheidh á gcráoladh beidh cluichí ceannais contae agus babhtaí i gCraobh Club AIB.

Is é Micheál Ó Domhnaill a chuireann na cluichí i láthair le tráchttaireacht ó Bhrian Tyers agus Mac Dara Mac Donncha agus bíonn anailísí aitheanta ina gcuideachta gach seachtain freisin.

An Fómhar seo beidh, mar is gnách, beochraoladh eisiach ag TG4 ar Chluichí Ceannais na hÉireann san Iomáint faoi 21, ar Chraobhacha TG4 i bPeil na mBan maraon le cluichí ceannais contae agus na tús-bhabhtaí i gCraobh Club AIB.

Satharn 5 Meán Fómhair: Beochraoladh eisiach ar Chluichí Leathcheannais na hÉireann 2015 i gCraobh TG4 i bPeil na mBan.

Domhnach 6 Meán Fómhar

12.45pm Beochraoladh eisiach ar Chluiche Ceannais Mionúir Iomána na hÉireann, Gaillimh v Tiobraid Árann.

7:30pm Cluiche Ceannais Sinsear Iomána na hÉireann, iarchraoladh ar iomlán na himeartha, **Cill Chainnigh v Gaillimh** le tráchttaireacht Ghaeilge ó Gharry Mac Donncha.

Satharn 15 Meán Fómhair Beochraoladh eisiach ar Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann, faoi 21, urraithe ag Bord Gáis Energy.

Domhnach 20 Meán Fómhar 12.45pm Beochraoladh eisiach ar Chluiche Ceannais Mionúir Peile na hÉireann.

7:30pm Cluiche Ceannais Sinsear Peile na hÉireann, iarchraoladh ar iomlán na himeartha le tráchttaireacht Ghaeilge ó Gharry Mac Donncha.

Domhnach 27 Meán Fómhair 11.40am Cluichí Ceannais na hÉireann i gCraobh TG4 i bPeil na mBan. Na trí chluichí, Sóisear (12pm), Idirmheánach (2pm) agus Sinsear (4pm) á chur i láthair ag Gráinne McElwain.

Domhnach 4,11, 18 Deireadh Fómhair 2pm

Beochraoladh ar chluiche ceannais contae gach Domhnach

Gach Domhnach ó 25 Deireadh Fómhair go 7 Nollaig ag 2 pm

Beochraoladh agus iarchraoladh ar chluiche peile nó iomána ó Chraobh Club AIB.

GAA 2015

Uair an chloig de bhuaicphointí ó chluichí móra an deireadh seachtaine. Gach Luan 8.30pm.

Laochra Gael

Séasúr eile de chuimhní cinn agus ómós do mhór-imreoirí peile agus iomána ón am atá caite. Tugann na himreoirí féin, a gcomhghleacaithe, a gcéilí comhraic agus tráchtairí aitheanta a mbreithiúnas féin orthu le cabhair ó mhíreanna ón gcartlann spórt dá gcuid imeartha. Don séasúr seo, tá na laochra seo a leanas a gceiliúradh:

Ken McGrath (Port Láirge), **JJ Delaney** (Cill Chainnigh), John Allen (Corcaigh), **Richie Bennis** (Luimneach), Eoin Kelly (Tiobraid Árann), **Declan O'Sullivan** (Ciarraí), **Annette Clarke** (Gaillimh), **Trevor Giles** (An Mhí), **Stephen McDonnell** (Ard Mhacha) agus na **Meehan's** [Declan, Michael, Tomás & Noel] (Gaillimh)

La Vuelta (Camchuart rothaíochta na Spáinne).

Beochraoladh eisiach ar mhór-rás rothaíochta eile, 22 Lúnasa – 13 Meán Fómhair.

Féile Rásaíochta Lios Tuathail 14-19 Meán Fómhair

Tá Féile Lios Tuathail ar cheann de bhuaiceanna rásaíocht chapall na hÉireann, ócáid ar leith i bhféilire shóisialta agus chultúrtha an Iardheiscirt. Arís i mbliana, beidh Seán Bán Breathnach agus ceamaraí TG4 ann lena bheochraoladh, sé lá as a chéile. Craolfar 45 rás ar fad le tráchtairí ó Mhicheál Ó Sé agus anailís ó Mánus Ó Conghaile agus tuairiscí agus agallaimh ó Mhick Ó hUallacháin agus Eibhlín Ní Choisdealbha.

Is é an Guinness Kerry National Steeplechase ar an gCéadaoin buaic na féile, rás ar fiú €160,000 é agus is í an Aoine 19 Meán Fómhair Lá na mBan.

Tosóidh an beochraoladh ar TG4 ag 2.30pm gach lá.



7am-10.00am agus 3-4pm Luan-Aoine

Fillfidh *Cúla4 na nÓg* don Fhómhar le rogha iontach spraoi agus siamsaíochta, cairde nua agus sean-chairde. Bí linn ag canadh, ag damhsa, ag spraoi agus ag baint barr suilt as eachtraí na gcarachtar is geanúla agus is eachtrúla ar an teilifís.

Ar na sraitheanna nua-léirithe a bheidh le feiceáil sa zón seo beidh séasúr nua cócaireachta agus pupadóireachta.

Wanda agus an tEachtrán – Bunaithe ar na duais-leabhair le Sue Hendra, sraith anamúlachta faoi iontas agus cairdeas. Tuairteálann spás-árthach sa gcoill agus cuireann cumas iontach an chuairoteora a thagann as cor draíochtúil i saol Wanda.

Calimero – sicín dubh in ál buí é Calimero. Tá leath a bhlaosc uibhe fós ar a cheann mar hata. Ach tá cairde deasa aige agus croí mór. Is iomaí éagóir atá le ceartú acu agus bíonn go leor cruinnithe le heagrú fúthu sa scoil agus sa gceardlann sa mbaile!

Ridire Rusty - Maireann Rusty agus dragún Cole agus cairde eile i ndomhan aisteach – ina bhfuil gach rud déanta as sean-mhíotal. Is mian leis an Chraobh Ridireachta a bhuachan lena chapall Chopper - ach téann a phlean iontach ar seachrán

Fillfidh ***Dora*** le sraith nua - í féin agus a cara, Bróigín an moncaí, ar aistear agus dúshlán nó deacracht le réiteach aige ar gach céim den turas eachtrúil seo.

Beidh do chuid cairde eile ar fad ar fáil freisin, dar ndóigh -

Elias, Rásaithe Spáis, Peg + Cat, Q Pootle 5, Olivia, Tickety Toc, Mouk, Olive an Ostrais, Olly an Veain Bheag Bhán, Zac & Quack

Ábhar nua-léirithe Gaeilge

Saol Faoi Shráid is teideal don tsraith puipéadóireachta Gaeilge atá cruthaithe agus léirithe ag Meangadh Fíbín. Sa tsraith seo, cuirimid aithne ar bheirt phuipéad Glibín agus Ribín, carachtair ó shaol eile i lár na cruinne atá imithe ar strae mar gur thuairteáil a spás-árthach faoin talamh. Tá siad ag cur fúthu ansin anois agus cairde nua déanta acu, triúr a bhfuil bannaí ceoil rac bunaithe acu. Tá Ribín agus Glibín ag iarraidh cur lena gcuid eolais ar an saol s’againne agus tá páistí Éireannacha ag cabhrú leo chuige sin. Bíonn dúshlán nó fadhb le réiteach acu i ngach eagrán agus tarlaíonn sin le cabhair amhrán nua-chumtha, scéalta idir nua agus aitheanta ó litríocht na Gaeilge agus neart spraoi.

Fuair an togra seo maoiniú ón scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann agus bhain leas as an scéim tacaíochta atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse.

Déan É ina mbíonn Gráinne Bleasdale agus a cairde óga ag déanamh rudaí deasa – péinteáil éadan, damhsa agus ceardaíocht den uile chineál

Scéal an Lae Aoi-léitheoir aitheanta ag léamh scéil as leabhar nua-foilsithe Gaeilge. I measc na n-aíonna speisialta a bheidh ag léamh beidh, **Mícheál Ó Muircheartaigh, Bríd Ní Neachtain, Páidí Ó Lionáird, Aonghus Óg MacAnally** (Bíonn **Scéal an lae** ar fáil ar Sheinnteoir TG4 freisin *Cula4 TV* on www.tg4.tv)

Bia Linn ina mbíonn **Muireann Ní Chíobháin** agus a cairde, idir phupadóirí agus pháistí, ag foghlaim na cócaireachta agus ag ullmhú béilí blasta. Bíonn cócaireacht, glantachán agus amhráin ar bun i gcuideachta **CóCó** an puipéad-chef a bhíonn ag tuairisciú freisin ó fheirmeacha agus ionaid bhia ar fud na tíre agus a chúntóirí **Fite** agus **Fuaite**.

(Léiriú le Indee, a fuair tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.)

Cúla4 na nÓg – Ar-líne 24:7

- Téigh chuig www.cula4.com/og le haghaidh eolais ar an ábhar réamhscoile ar fad atá ag TG4 mar aon le cluichí Gaeilge ar-líne freisin ó leithéidí **Pokoyo, Ag Spraoi le Claude, Olivia, Mr Men, Traein na nDineasár, Tickety Toc agus Olly an Veain Bheag Bhán** mar aon le **Aimsir na nÓg** agus nuachtlitir mhíosúil do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí.
- **Cula4.tv** Tá go leor de na cláir réamhscoile a chraolann TG4 ar fáil ar an Seinnteoir seo agus tig leat féachaint orthu aon am den lá a oireann duit. Is spás sábháilte do pháistí é seo.
- **Aipeanna:** Tá 9 Aip spráúil Gaeilge TG4 ar fáil anois atá lán de spraoi agus de spleodar. Len iad a íoslódáil, cuardaigh “Cula4” nó “TG4” san Appstore agus beidh siad ann duit: **Scéal an Lae 1 & 2, Culacaint 1-3, Ollie an Veain Bheag Bhán, Zou, Ag Spraoi le Claude** agus **Aimsir Cula4**.

ZÓN do lucht féachana 6 – 12 bliana



4pm - 6pm Luan-Domhnach 7am-7.30am

Beidh cruth agus cuma nua ar an zón seo i mbliana agus an láithreoir **Micheál Ó Ciaraidh** ár dtreorú tríd an spraoi agus an aicsean ar fad.

Ina chuideachta siúd tiocfaidh tú ar shiamsaíocht den scoth, ar nuacht faoi Aipeanna, cluichí, saol an cheoil, spóirt agus aíonna speisialta sa stiúideo leis.

Ach tá Micheál agus criú Cúla4 ag cur chun bóthair leis agus iad ar cuairt chuig scoileanna ar fud na hÉireann sa mhír **SOS (Sos ón Scoil)**. Sa mhír seo tugtar deis do dhaltáí na scoile cur síos ar a gceantar dúchais, éachtaí na scoile a chur inár láthair agus muid a thabhairt ar cuairt chuig áiteanna speisialta sa gcomharsanacht.

Is anseo a gheobhaidh tú sraitheanna nua **Tuff Puppy, Spongebob, Rekkit Rabbit** agus foireann scátála **Wildgrinders** agus go leor eile.

Cláracha nua-léirithe Gaeilge ar Cúla4 an séasúr seo

Is Eolaí Mé - sraith eolasach shiamsúil do pháistí 8-12 bliain a thugann léargas ar shaol na heolaíochta dóibh ar bhealach mealltach. Díríonn gach eagrán ar ghné nó ar théarma eolaíochta ar leith. **Fear Bréige** is teideal do shraith a chuireann lenár dtuiscint ar an dúlra agus ar an timpeallacht. Bíonn téama ar leith ag gach eagrán - uisce, an talamh, fuinneamh, síolta, feithidí &rl. Tugtar cuairt ar scoil a bhfuil an Bratach Glas bronnta uirthi agus feicfidh muid na tionscadail a chuir an scoil i gcrích chun an Bratach a bhuachan. Cruthóidh gach scoil Fear Bréige ag bun a ghairdín agus ag deireadh na sraithe, eagrófar an Chraobh Náisiúnta Fear Bréige, féachaint cén scoil a rinne an ceann is fearr ar fad.

Na Dúlradóirí - Sraith nua ard-chaighdeáin a dhíríonn ar an dúlra agus muid ag tathant ar ógánaigh dul amach faoin aer agus iontais an dúlra a fheiceáil – sa ngairdín, sna páirceanna agus ar an trá.

Seolfar freisin an séasúr seo an chéad chraoladh Gaeilge ar **WAC, Craobhchomórtas Domhanda na nAinmhithe**, deis iontach le cumas na n-ainmhithe a fheiceáil agus a mheas. Cén t-ainmhí is láidre ar domhan? Cé acu is cliste? Is tapúla? Beidh na freagraí ag na láithreoirí óga **Caoimhe Ní Chathail & Éadaoin Nic Mhuiris**, beirt a bhfuil a gcáil bainte amach acu cheana féin ar an gcainéal YouTube TusaTube.

An séasúr seo freisin a chuirfear tús leis an tsraith anamúlachta **Breadwinners** faoi dhá lacha a bhfuil obair ar leith ar bun acu – ag dul thart ag seachadadh aráin as veain a bhfuil roicéad á thiomáint i dtír iontach Pondgea.

Fair amach freisin do shraith nua eile **Scanrúil Ó Rua** iora rua fiosrach cruthaitheach, cineál pleidhce gearúil é ar a bhealach ait féin.

Beidh na seanchairde ar *Cúla4* ar ais, dar ndóigh, **Dennis & Gnasher**, **Spongebob Squarepants**, **Dochreidthe Gan Dabht**, **Aifric** agus sraith nua **Bushwhacked**.

Lean an nasc, www.cula4.com Cluichí go leor agus nasc chuig an **r litir** mhíosúil do pháistí agus do thuismitheoirí.

Cula4 TV An Seinnteoir – is ann a gheobhaidh tú aon chlár a chaill tú agus tig leat do roghaliosta féin a chur le chéile.

Bí linn ar Facebook (<https://www.facebook.com/Cula4>) agus Twitter (<https://twitter.com/Cula4 TG4>) atá dírithe ar Thuismitheoirí agus ar Mhúinteoirí.